

Baill teaghlaigh a lorg agus a shainaithint faoi rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

An dara heagrán



TREOIRLEABHAR PRAITICIÚIL MAIDIR LE
TEAGHLACH A LORG

Cuid II – Baill teaghlaigh a lorg agus a shainaithint faoin rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

Aibreán 2025

Séanadh

Ullmhaíodh an treoirleabhar seo gan dochar don phrionsabal nach féidir ach le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú údarásach a thabhairt ar dhlí an Aontais.

Níor cheart go mbeadh an cinneadh cosaint idirnáisiúnta a dheonú nó a dhiúltú bunaithe riamh ar thorthaí na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag údaráis an AE teaghlach a lorg.

Rinneadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) den Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ar an 19 Eanáir 2022. Ba cheart gach tagairt do EASO, do tháirgí agus do chomhlachtaí EASO a thuiscint anois mar thagairtí do EUAA.



Arna chríochnú i mí Feabhra 2025

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

Print ISBN 978-92-9418-296-8 doi:10.2847/4692706 BZ-01-25-005-GA-C

PDF ISBN 978-92-9418-297-5 doi:10.2847/0783482 BZ-01-25-005-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2026

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha. Ní le EUAA an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas:

— Léaráid chlúdaigh lolloj © AdobeStock



Cláire

Liosta giorrúchán.....	5
Creat dlíthiúil.....	6
An rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.....	6
Nuálaíochtaí a tugadh isteach leis an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.....	7
Gluaiseacht thánaisteach a chosc.....	7
An áit agus an tábhacht a bhaineann le naisc theaghlaigh laistigh de na critéir freagrachta.....	9
An nós imeachta um fhreagracht a chinneadh sa rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.....	9
Naisc theaghlaigh an iarratasóra san Aontas Eorpach.....	10
An clásal cleithiúnais (Airteagal 34).....	13
Na clásail lánroghnacha (Airteagal 35).....	14
Amlínte chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh.....	15
Oibleagáidí a bhaineann leis an nós imeachta um theaghlach a lorg faoin rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.....	18
Soláthar faisnéise.....	18
Féidearthachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg.....	18
Eagraíochtaí um theaghlach a lorg.....	18
An nós imeachta agus an t-agallamh pearsanta.....	19
Cúnamh a thabhairt don iarratasóir dul i dteagmháil le heagraíochtaí um teaghlach a lorg.....	19
Comhairleoireacht dhlíthiúil.....	19
Beartú Tosaíochta.....	21
Béim agus aird ar nósanna imeachta um athaontú teaghlaigh.....	21
Brath agus tarchur luath.....	21
Tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh sa dá thír AE+.....	22
Comhar idir Aonaid RBTI, na húdaráis agus na heagraíochtaí.....	22
Réamhghníomhacht na soláthraithe faisnéise, na gcásoifigeach, na n-ionadaithe agus an iarratasóra.....	23
Acmhainní leordhóthanacha a áirithiú laistigh den Aonad RBTI.....	23
Eagrú céim ar chéim an nós imeachta um theaghlach a lorg.....	26
1. Scagadh.....	27



Léiriú de bhaill teaghlaigh a bheith i láthair i dtíortha AE+	27
Tarchur láithreach chuig nós imeachta iomchuí.....	28
2. Clárú.....	28
Feasacht ar theorainneacha ama	29
Baill teaghlaigh fhéideartha iarratasóra i dtíortha AE+ a shainaithint	29
Soláthar faisnéise maidir le cearta agus oibleagáidí an iarratasóra	29
An fhéidearthacht a bhaineann leis an agallamh i ndáil leis an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce a eagrú.....	31
Teimpléad um theaghlach a lorg.....	31
3. Tarchur chuig an Aonad RBTI.....	37
4. Freagracht a chinneadh.....	38
Cásanna scagtha de réir tosaíochta.....	38
Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil.....	39
Na chéad chéimeanna eile a chinneadh	40
An t-agallamh pearsanta (an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce) a eagrú	40
Iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chun baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe a lorg agus a shainaithint.....	45
Tosaíocht á tabhairt ag an tír AE+ iarrtha	47
Toradh an nós imeachta	48
Páirtithe leasmhara i dteaghlach a lorg agus a ról sa nós imeachta.....	49
Fíor 7. Sampla de theimpléad eagraíochtaí um theaghlach a lorg – an Ostair, 2023.....	56





Liosta giorrúchán

Giorrúchán	Sainmhíniú
An tAonad RBTI	Údarás na tíre AE+ (an t-aonad) atá freagrach as an nós imeachta a sheoladh chun a chinneadh cé acu tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 52 den RBTI.
APR	an rialachán maidir le nós imeachta tearmainn – Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE
Ballstáit	Ballstáit den Aontas Eorpach
ENR(anna)	eagraíocht neamhrialtasach/eagraíochtaí neamhrialtasacha
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
RBTI	an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce – Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [rialachán Bhaile Átha Cliath III]
Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú)
Tíortha AE+	Ballstáit den Aontas Eorpach agus tíortha comhlachaithe Schengen, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis



Creat dlíthiúil

Seo cuid II den Treoir Phraiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg.

Sula léann tú an treoirleabhar seo, moltar duit eolas a chur ar [Chuid I: Prionsabail agus cleachtais maidir le teaghlach a lorg i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha](#). Mínítear i gCuid I an coincheap a bhaineann le teaghlach a lorg, na treoirphrionsabail agus na cleachtais ghinearálta a bhaineann le teaghlach a lorg ar fud tíortha AE+ agus tríú tíortha. Cumhdaítear leis freisin téarmaíocht, sainmhínithe agus forléargas ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme.

Díríonn Cuid II ar theaghlach a lorg i gcomhthéacs chinneadh na tíre AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Mínítear sa chuid seo an nós imeachta cinnidh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1351 (RBTI) ⁽¹⁾, na hoibleagáidí a bhaineann le teaghlach a lorg, agus eagrú céim ar chéim an nós imeachta chun baill teaghlaigh iarratasóra atá i láthair i dtír AE+ a lorg.

Ba cheart na prionsabail a ndéantar cur síos orthu i gcuid I (urraim do shaol an teaghlaigh, coimircí nós imeachta, breithniúchán príomha a thabhairt do leas an linbh agus féidearthachtaí athaontaithe teaghlaigh a lorg go gníomhach) a urramú agus teaghlach á lorg. Dírítear sa chaibidil seo ar an gcur síos ar an RBTI.

An rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

Is é is aidhm don RBTI cothromaíocht a bhaint amach idir rialacha soiléire maidir le freagracht a ghlacadh as bainistiú imirce agus dlúthpháirtíocht a áirithiú i measc Bhallstáit den Aontas Eorpach agus tíortha comhlachaithe Schengen, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis (tíortha AE+) chun tacú leo siúd a bhfuil brú díréireach orthu. Chuige sin, leagtar amach sa RBTI creat coiteann le haghaidh bainistiú imirce.

Bunaítear leis an RBTI creat dlúthpháirtíochta buan, lena leagtar síos na céimeanna is gá chun a áirithiú go bhfaighidh tíortha AE ⁽²⁾ na bearta dlúthpháirtíochta is gá. Is féidir le gach tír AE an cineál dlúthpháirtíochta atá siad toilteanach a chur ar fáil a roghnú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina athlonnú iarratasóirí nó tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta, ranníocaíochtaí airgeadais nó rud ar a dtugtar na 'fritháirimh fhreagartha' chun scrúdú na n-iarratas a ghabháil ar láimh. Tá an sásra dlúthpháirtíochta lasmuigh de raon feidhme an fhoilseacháin seo.

Leagtar amach sa RBTI rialacha soiléire maidir le freagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Beidh ar dhaoine ar mhaith leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta a n-iarratas a chlárú sa chéad tír iontrála agus beidh orthu fanacht sa tír sin go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le freagracht. Is féidir leis an tír AE+ ina bhfuil an t-iarratas cláraithe iarraidh a sheoladh chun scrúdú an iarratais chuig tír AE+ eile a mheastar a bheith

⁽¹⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1351](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024).

⁽²⁾ Níl an Danmhairg ná tíortha comhlachaithe Schengen faoi cheangal ag na forálacha a bhaineann leis na bearta dlúthpháirtíochta a leagtar amach sa RBTI.





freagrach bunaithe ar na critéir atá leagtha amach sa RBTI a ghabháil ar láimh. Sa treoirleabhar seo, tugtar an ‘tír AE+ iarrthach’ ar an tír a sheolann an iarraidh. Tugtar ‘tír AE+ iarrtha’ ar an tír a fhaigheann an iarraidh.

Tagann an RBTI in ionad Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) ⁽³⁾. Leis an RBTI, cuirtear roinnt gnéithe nua san áireamh sa nós imeachta arb é is aidhm leo critéir an teaghlaigh agus cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann leis an teaghlach a neartú.

Ciallaíonn forálacha an rialacháin nua gur lú an seans go rachaidh iarratasóirí i mbun gluaiseachta tánaistí. Is é is cúis leis sin nós imeachta níos tapúla agus níos éifeachtúla, béim ar naisc agus ar thosaíocht teaghlaigh agus tuilleadh faisnéise maidir leis na critéir, naisc theaghlaigh, an ceart chun comhairleoireachta dlíthiúla agus na hiarmhairtí a bhaineann le héalú.

Nuálaíochtaí a tugadh isteach leis an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

Leis an RBTI, tugtar isteach na hoibleagáidí seo a leanas:

- tús áite a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh ag an tír AE iarrthach agus iarrtha araon;
- ar thaobh na n-údarás agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, an teimpléad um theaghlach a lorg a líonadh amach mar a shonraítear in Airteagal 22 den RBTI;
- ar thaobh údaráis na dtíortha AE+, faisnéis shuntasach a chur ar fáil d’iarratasóirí;
- ar thaobh na n-údarás i dtíortha AE+, agallamh pearsanta a dhéanamh le daoine a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair chun cinneadh na tíre AE+ atá freagrach (an t-agallamh RBTI) a éascú.

Tugtar isteach leis freisin:

- na féidearthachtaí atá ann ról a thabhairt d’eagraíochtaí um theaghlach a lorg sna tíortha AE+ iarrthacha agus iarrtha araon;
- ceart an iarratasóra comhairleoireacht dhlíthiúil a iarraidh sa nós imeachta um ghabháil ar láimh;
- critéir nua maidir le dioplómaí agus cáilíochtaí.

Gluaiseacht thánaisteach a chosc

Trí thosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh agus trí nósanna imeachta um ghabháil ar ais a shimpliú, rud a chuireann ar chumas tíortha AE+ níos mó béime a chur ar theaghlach a lorg a tugadh isteach faoin RBTI, cuirtear cosc ar ghluaiseacht thánaisteach. Áirithítear leis an nós imeachta gur féidir iarratasóirí a athaontú lena mball teaghlaigh nó lena

⁽³⁾ [Rialachán \(AE\) Uimh. 604/2013](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO L 180, 29.6.2013).

gcleithiúnaí a luaithe is féidir, gan gá a bheith ann fanacht rófhada leis an toradh nó leis an aistriú. Is céim thábhachtach i dteaghlach a lorg é an aidhm baill teaghlaigh fhéideartha i dtíortha AE+ cheana féin a shainaithint ag an bpointe iontrála chuig an gcríoch. Áirithítear leis sin gur féidir an ceart chun saol an teaghlaigh a fheidhmiú agus cuirfidh sé ar chumas iarratasóirí a bheith i gcomhlúadar lena mbaill teaghlaigh go dlíthiúil trí nós imeachta éifeachtúil.

Ina theannta sin, cuidíonn rialachán Eurodac, lena mbunaítear bunachar sonraí idir-inoibritheach tearmainn agus imirce chun tacú leis an gcóras tearmainn, le cur chun feidhme an RBTI. Beidh méarloirg agus íomhánna den aghaidh, sonraí céannachta agus cóipeanna de dhoiciméid chéannachta nó taistil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i mbunachar sonraí Eurodac. Leis an bhfaisnéis atá ar fáil in Eurodac, beifear in ann an tír AE+ atá freagrach a chinneadh go tapa. Is é is aidhm do rialachán athmhúnlaithe Eurodac, mar aon leis na rialacha neartaithe faoin RBTI, gluaiseacht thánaisteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chosc agus a dhíspreagadh.

Córas Eurodac

Ceann d'aidhmeanna Eurodac ar an gcéad dul síos is ea tacú le cur chun feidhme an RBTI agus gluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas a bhrath go héifeachtach ⁽⁴⁾. Chun na críche sin, le Eurodac beifear in ann comparáid a dhéanamh idir méarloirg duine chun a stádas a shainaithint (e.g. más iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad nó má dheonaigh tír AE+ cosaint idirnáisiúnta dóibh). Nuair a dhéantar cuardach in Eurodac, léireofar sa toradh cuardaigh freisin cén tír AE+ atá freagrach as iarratas an duine a scrúdú, ar choinníoll gur cuireadh an próiseas um fhreagracht a chinneadh i gcrích.

Le Eurodac beifear in ann iarratasóirí a chomhaireamh freisin (seachas iarratais). Nascfaidh sé tacair sonraí a bhaineann leis an duine céanna, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca líon na n-iarratasóirí i dtíortha AE+ a thuiscint agus gluaiseacht thánaisteach a bhrath.

Ní mór méarloirg leanaí atá os cionn sé bliana d'aois a thaifeadadh freisin. Má tá an leanbh tionlactha, ba cheart do bhall teaghlaigh a bheith i láthair nuair a bhailítear a s(h)onraí bithmhéadracha. Má tá an leanbh neamhthionlactha, ba cheart go mbeadh an t-ionadaí/an caomhnóir nó duine oile atá in ann leas an linbh a chosaint i láthair nuair a bhailítear a s(h)onraí bithmhéadracha.

⁽⁴⁾ Aithris 4 de Rialachán Eurodac.



An áit agus an tábhacht a bhaineann le naisc theaghlaigh laistigh de na critéir freagrachta

Ba é naisc theaghlaigh iarratasóra i dtír AE+ an chéad chritéar a bhí ann i gcónaí chun scrúdú a dhéanamh ar an nós imeachta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III (nós imeachta Bhaile Átha Cliath). Níl aon athrú ar an bprionsabal sin sa RBTI agus treisítear é le roinnt beart. Leagtar amach na bearta sin sa RBTI chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí ann agus nós imeachta Bhaile Átha Cliath á chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na trí phríomhdhúshlán:

- tá naisc theaghlaigh fós gan aithint;
- níl dóthain faisnéise ann faoin mball teaghlaigh;
- tá easpa ama ann chun an cás a fhiosrú go leordhóthanach.

Chun feabhas a chur ar an tábhacht a bhaineann le naisc theaghlaigh, tá sé d'oibleagáid ar thíortha AE+ anois iarracht níos mó a dhéanamh chun baill teaghlaigh iarratasóra i gcríoch AE+ a lorg agus a shainaithint ag an bpointe teacht isteach i gcríoch thíortha AE+. Cuideoidh sé sin le cásanna a sheachaint ina mbeidh naisc theaghlaigh fós gan aithint.


Uirlis éifeachtúil chun faisnéis a bhailiú go luath is ea an [teimpléad um theaghlach a lorg](#) atá le líonadh isteach ag an iarratasóir a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná tráth an agallaimh chun a chinneadh cé acu tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Áiritheoidh sé sin go mbeidh faisnéis tosaigh maidir le naisc theaghlaigh ar fáil do na húdaráis, ar féidir iniúchadh breise a dhéanamh uirthi ansin le linn an agallaimh.

Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do chásanna teaghlaigh féideartha chun a áirithiú go mbeidh go leor ama ar fáil chun imthosca na gcásanna sin a fhiosrú. Má tá cásanna marcáilte mar chásanna tosaíochta, is féidir le cás-oifigigh tosú ag féachaint cheana féin ar naisc theaghlaigh duine nó is féidir dul i dteagmháil le heagraíochtaí a bhfuil teaghlaigh á lorg acu (Féach [Cuid I, Roinn 4.2. Uirlisí teicniúla](#)).

An nós imeachta um fhreagracht a chinneadh sa rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

Leagtar amach i gCuid III den RBTI na critéir agus na sásraí chun a chinneadh cén tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Ráthaítear leis an nós imeachta go ndéanfaidh aon tír AE+ amháin scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát. Cinntear an tír AE+ atá freagrach bunaithe ar na critéir a leagtar amach i gCaibidil II de Chuid III den RBTI.

Tá na critéir leagtha amach in ord ordlathach agus tá siad mionsonraithe i bhFíor 1.

Fíor 1. Critéir an RBTI maidir le freagracht a chinneadh in ord ordlathach

I gcás daoine leochaileacha, nó ar chúiseanna an-láidre, féadfaidh Caibidil III de Chuid III den RBTI a bheith infheidhme de réir na nAirteagal seo a leanas:

- cleithiúnaithe (Airteagal 34);
- clásail lánroghnacha (Airteagal 35).

Nuair a dhéanann duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair, ní mór na critéir theaghlaigh a mheasúnú ar dtús. Mura bhfuil aon bhall teaghlaigh ag an duine i dtíortha AE+, scrúdaítear an chéad chritéar eile.

Naisc theaghlaigh an iarratasóra san Aontas Eorpach

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cén tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta atá cláraithe den chéad uair, baineann an chéad chritéar ar cheart scrúdú a dhéanamh air le naisc theaghlaigh fhéideartha an iarratasóra.



Fíor 2. Na chéad chritéir mheasúnaithe i gCaibidil II: naisc theaghlaigh

Naisc theaghlaigh

Mionaoisigh neamhthionlactha (Airteagal 25)

- Ba cheart gurb í an tír AE+ ina bhfuil an ball teaghlaigh nó siblín linbh neamhthionlactha i láthair go dlíthiúil an Ballstát freagrach.
- Ba cheart gurb í an tír AE+ ina bhfuil gaol an linbh neamhthionlactha i láthair go dlíthiúil an Ballstát freagrach.
- Má tá baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta ag leanbh neamhthionlactha atá i láthair go dlíthiúil i níos mó ná tír AE+ amháin, cinntear an Ballstát atá freagrach ar bhonn leas an linbh.
- Mura bhfuil ball teaghlaigh, siblín nó gaol i láthair go dlíthiúil san AE+ ag leanbh neamhthionlactha, ba cheart gurb í an tír ina gcláraítear a n-iarratas den chéad uair an tír fhreagrach, ach amháin mura bhfuil sé sin chun a leasa.

Baill teaghlaigh a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i mBallstát (Airteagal 26)

- Tá an tír AE+ ina bhfuil ball teaghlaigh an iarratasóra ina chónaí/cónaí (cibé acu mar thairbhí cosanta idirnáisiúnta nó a bhfuil cead cónaithe fadtéarmach aige nó aici) freagrach, má chuir an dá pháirtí a dtóiliú in iúl i scríbhinn.
- Ba cheart gurb í an tír AE+ ina bhfuil cónaí ar an mball teaghlaigh (atá anois ina s(h) aoránach de Bhallstát tar éis cónaí mar thairbhí cosanta idirnáisiúnta sa Bhallstát sin) an tír fhreagrach, má chuir an dá pháirtí a dtóiliú in iúl i scríbhinn.

Baill teaghlaigh ar iarratasóirí iad (Airteagal 27)

An tír AE+ ina bhfuil ball teaghlaigh iarratasóra a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát agus nach bhfuil aon chinneadh déanta maidir leis an tsubstaint fhreagrach fós, má chuir an dá pháirtí a dtóiliú in iúl i scríbhinn.



Foilseachán gaolmhar EUAA

Is nós imeachta casta é measúnú a dhéanamh ar leas an linbh a bhfuil baint ag roinnt páirtithe leasmhara leis agus a dteastaíonn comhar ina leith. Tá forléargas ginearálta ar an measúnú ar leas sa nós imeachta tearmainn le fáil in EASO, [Practical guide on the best interests of the child in asylum procedures](#) [Treoirleabhar praiticiúil maidir le leas an linbh i nósanna imeachta tearmainn], 2019. Tabharfar an treoirleabhar seo cothrom le dáta in 2025 agus áireofar ann gnéithe den mheasúnú leasa i nósanna imeachta teaghlaigh RBTI.



Cén fáth nach bhfuil gá le toiliú le hathaontú teaghlaigh i gcásanna a bhaineann le leanaí?

Leis an RBTI, ní cheanglaítear ar leanaí neamhthionlactha a dtoiliú a thabhairt d'athaontú teaghlaigh.

Fiú mura bhfuil aon toiliú foirmiúil ag teastáil ón leanbh, ba cheart tuairimí an linbh a bheith san áireamh i gcónaí sa mheasúnú ar leas. Ba cheart do na húdaráis a iarraidh ar an leanbh i gcónaí an bhfuil siad toilteanach a bheith athaontaithe le ball teaghlaigh, le siblín nó le gaol. Ba cheart do na húdaráis tuairimí an linbh a chur san áireamh i gcomhréir lena (h)aois, lena (h)aibíocht agus le haon riosca do shábháilteacht, do shlándáil nó d'fholláine an linbh.

Mura mian leis an leanbh nó lena t(h)uismitheoir(í), siblínní nó gaol(ta) a bheith athaontaithe, níor cheart go n-eisiafaí leis sin athaontú teaghlaigh toisc go bhféadfadh sé a bheith chun leas an linbh fós. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheas go bhféadfadh easpa comhair ón leanbh nó riosca éalaithe a bheith mar thoradh ar dhrogall an linbh a bheith athaontaithe. Níor cheart athaontú a dhéanamh nuair a chruthaítear nach mbeadh sé chun leasa an linbh.

I gcás ina bhfuil tuismitheoir agus gaol ag an leanbh i dtíortha AE+, ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an tuismitheoir ar dtús sula mbreithneofar athaontú leis an ngaol. Má thionscnaítear an t-athaontú le gaol, ba cheart a áireamh san iarraidh cén fáth nach raibh sé chun leasa an linbh é nó í a athaontú leis an tuismitheoir. Ba cheart an cinneadh a dhéanamh i gcónaí bunaithe ar leas an linbh.

Más duine fásta an t-iarratasóir agus má tá ball teaghlaigh aige nó aici i dtír AE+, is féidir iad a athaontú ar choinníoll go dtugann an dá pháirtí a dtoiliú i scríbhinn don athaontú.



Breithniúcháin maidir leis an toiliú

Is ceanglas foirmiúil é toiliú i scríbhinn an iarratasóra (aosach) agus an bhaill teaghlaigh le hathaontú teaghlaigh chun iarraidh a dhéanamh ar ghabháil ar láimh bunaithe ar fhorais teaghlaigh. Gan an toiliú sin sínithe ag na daoine atá ag gníomhú ina n-inniúlacht dhlíthiúil iomlán, ní féidir na daoine a athaontú. Tá gá leis an toiliú le hathaontú ionas gur féidir le húdaráis thíortha AE+ daoine a chosaint ar athaontú i gcoinne a dtola.

Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas faoin gceanglas foirmiúil maidir le toiliú i scríbhinn a thabhairt d'athaontú teaghlaigh. Ba cheart a chur in iúl dóibh nár cheart toiliú den sórt sin a chur ar fáil ach amháin más mian leo go n-athaontófaí iad leis an mball teaghlaigh. Níor cheart go mbeadh an toiliú á chomhéigniú riamh (e.g. ag ball teaghlaigh), is toiliú deonach é agus is féidir é a tharraingt siar tráth ar bith.



Mura bhfuil an t-iarratasóir nó an ball teaghlaigh ag iarraidh go n-athaontófaí iad, níor cheart dóibh a dtoiliú i scríbhinn a thabhairt, nó, má chuirtear a leithéid de thoiliú ar fáil, ba cheart dóibh é a tharraingt siar. Is féidir leis na daoine rogha a dhéanamh na húdaráis a chur ar an eolas faoin gcúis/faoi na cúiseanna nach mian leo a bheith athaontaithe. Ba cheart déileáil leis an bhfaisnéis sin faoi rún i gcónaí. Mar shampla, mura bhfuil an duine toilteanach go n-athaontófaí é nó í toisc gur íospartach foréigin teaghlaigh é nó gur íospartach mí-úsáide é nó í ag an mball teaghlaigh, má thuairiscítear é sin do na húdaráis, is féidir cosaint níos fearr a thabhairt don duine amach anseo ar aon teagmháil a dhéanann an ball teaghlaigh.

D'fhéadfadh na critéir faoin RBTI an duine a nascadh le tír AE+ más rud é gur eisigh tír AE+ doiciméid dóibh nó má tháinig siad isteach i gcríoch AE+ trí thír AE+ eile. I gcásanna nach nascann aon cheann de na critéir eile faoin RBTI an duine le tír AE+, beidh an chéad tír AE+ inar cláraíodh an t-iarratas freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Is amhlaidh atá mura bhfuil feidhm ag an gclásal cleithiúnais nó má chuireann an tír AE+ ceann de na clásail lánroghnacha i bhfeidhm.

An clásal cleithiúnais (Airteagal 34)

Is critéar freagrachta ceangailteach sa RBTI freisin é caidreamh cleithiúnach a bheith ann idir iarratasóir nó duine eile (leanbh, siblín nó tuismitheoir). Is féidir an t-iarratasóir a athaontú nó a choinneáil in éineacht le duine a bhfuil siad ag brath ar chúnamh a fháil uaidh nó uaithi faoin gclásal seo.

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais nach mór roinnt coinníollacha a chomhlíonadh chun go mbeidh feidhm ag an gclásal cleithiúnais.

1. Ní mór don duine lena mbaineann (an t-iarratasóir nó leanbh, siblín nó tuismitheoir an iarratasóra) a bheith i staid leochaileachta bunaithe ar cheann amháin ar a laghad de na forais seo a leanas:
 - toircheas
 - leanbh nuabheirthe a bheith aici nó aige
 - meabhairghalar tromchúiseach
 - tinneas fisiciúil tromchúiseach
 - míchumas tromchúiseach
 - tráma síceolaíoch tromchúiseach
 - seanaois.
2. Ní mór go mbeadh leanbh, siblín nó tuismitheoir an iarratasóra ina c(h)ónaí go dlíthiúil i gceann de na tíortha AE+.
3. Ní mór a chruthú go mbraitheann an t-iarratasóir nó an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir, ar chúnamh a fháil ón duine eile.
4. Ba cheart an gaol teaghlaigh (leanbh, siblín, tuismitheoir) idir na daoine a bheith ann sular shroich an t-iarratasóir críoch thíortha AE+.

5. Ní mór don duine a bheith in ann aire a thabhairt don chleithiúnaí.
6. Ní mór don bheirt a dtoiliú le hathaontú agus/nó le hiad a choinneáil le chéile a chur in iúl i scríbhinn.

Mar shampla, má tá máthair an iarratasóra, mar gheall ar sheanaois agus drochbhail sláinte, ag brath ar chúnamh ón iarratasóir, ní mór don iarratasóir agus don mháthair a chruthú gurb ann do chleithiúnas agus fianaise a chur ar fáil. Déanfaidh na húdaráis measúnú freisin mura bhfuil aon duine eile ann a bheadh in ann tacú le máthair an iarratasóra. Scrúdaíonn siad freisin cé a thacaigh le máthair an iarratasóra sular tháinig an t-iarratasóir chuig an tír AE+ agus cén fáth nach féidir cúnamh den sórt sin a chur ar fáil a thuilleadh.

Le hAirteagal 34(3) den RBTI, tugtar de chumhacht don Choimisiún Eorpach gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i ndáil le cleithiúnaithe. Is féidir an méid seo a leanas a chumhdach leis na gníomhartha tarmligthe sin:

- gnéithe ba cheart a mheas chun measúnú a dhéanamh ar an gcaidreamh cleithiúnach;
- na critéir chun a shuí gurb ann do nasc teaghlaigh;
- na critéir chun measúnú a dhéanamh ar chumas an duine aire a thabhairt don chleithiúnaí;
- na gnéithe atá le breithniú chun measúnú a dhéanamh ar neamhábaltacht an duine taisteal ar feadh tréimhse shuntasach.

Na clásail lánroghnacha (Airteagal 35)

Is féidir le tír AE+ cinneadh a dhéanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú fiú mura bhfuil an tír AE+ sin freagrach de réir na gcritéir. Is faoi lánrogha na tíre AE+ atá cur i bhfeidhm an chlásail seo i gcomhréir le hAirteagal 35(1) den RBTI.

Sa chleachtas, léiríonn an taithí a fuarthas ar chur chun feidhme na forála coibhéisí i Rialachán Bhaile Átha Cliath III, Airteagal 17(1), gur minic a cuireadh an clásal ceannasachta i bhfeidhm i gcásanna ina mbeadh an teaghlach á scaradh dá n-aistreo faoi an t-iarratasóir. Le hAirteagal 35(1) den RBTI, cheadófaí do thíortha AE+ freisin an fhoráil sin a úsáid chun teaghlaigh a choinneáil le chéile.

Ceadaítear le hAirteagal 35(2) den RBTI imeacht ó chritéir chaighdeánacha an rialacháin freisin. Cuidíonn an fhoráil seo le haon chaidreamh teaghlaigh a thabhairt le chéile ar fhorais dhaonnúla bunaithe ar naisc thábhachtacha maidir le cúrsaí teaghlaigh, sóisialta nó cultúrtha. Sa chás sin, is féidir le tír AE+ a iarraidh ar thíre AE+ eile iarratas an duine a scrúdú fiú mura mbeadh an tír AE+ eile freagrach.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, mar shampla, fiú mura bhfuil baill teaghlaigh ag iarratasóir i dtíortha AE+, nó mura bhfuil nasc cleithiúnais aige nó aici lena leanbh, lena s(h)iblínn nó lena t(h)uismitheoir, gur féidir athaontú le gaol eile a thionscnamh fós, ar choinníoll go dtoilíonn an dá pháirtí lena leithéid. D'fhéadfadh baint a bheith aige sin, mar shampla, le caidreamh teaghlaigh nach gcumhdaítear le forálacha an RBTI. Níl sé sin bunaithe, áfach, ar aon chritéir freagrachta ceangailteach agus, dá bhrí sin, níl sé d'oibleagáid ar an tír AE+ iarrtha glacadh



leis an iarraidh. Is faoi lánrogha na tíre AE+ iarrtha atá sé glacadh le hiarraidh a dhéantar ar an bhforas sin nó diúltú di. Mar sin féin, ní mór don tír AE+ na cúiseanna nach nglactar leis an iarraidh a lua.

Amlínte chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh

Leagtar amach sa RBTI teorainneacha ama dochta chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh. Déantar é sin chun a áirithiú go mbeidh rochtain thapa agus éifeachtach ag an iarratasóir ar an nós imeachta tearmainn.

Cuirtear tús leis an bpróiseas um fhreagracht a chinneadh nuair a chláraítear an iarraidh ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair i dtír AE+. Leis an gclárú, cuirfear tús leis an teorainn ama chun iarraidh a sheoladh chuig an tír AE+ atá freagrach. Má tá baill teaghlaigh ag an iarratasóir i gcríoch AE+, ba cheart iarraidh ar ghabháil ar láimh a sheoladh a luaithe is féidir ach ar a dhéanaí laistigh de dhá mhí ón gclárú. Ní mór do thíortha AE+ tús áite a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh.

Má theipeann ar thíre AE+ an teorainn ama a chomhlíonadh, beidh sí freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ach amháin más leanbh neamhthionlactha an t-iarratasóir.




Breithniúcháin maidir leis an gclárú

A luaithe a dhéantar iarratas, déantar an t-iarratas a chlárú ina dhiaidh sin. Déantar an t-iarratas a chlárú tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis don údarás clárúcháin inniúil é a dhéanamh.

Is éard atá i gceist le hiaratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don iarratasóir maidir lena c(h)earta agus lena (h)oibleagáidí. Ceanglaítear leis sin go gclárófar faisnéis phearsanta, doiciméid chéannachta nó doiciméid eile an iarratasóra a d'fhéadfadh a bheith ar iompar ag an iarratasóir, dáta agus áit an iarratais agus sonraí teagmhála agus suíomh nó seoladh an iarratasóra.

Nuair a chláraítear an t-iarratas, eisítear doiciméad a léiríonn go bhfuil an clárú curtha i gcrích. Ba cheart go bhfaigheadh an t-iarratasóir doiciméad ina léirítear an méid sin.

Tá sé tábhachtach go mbeadh cleachtais bunaithe ag tíortha AE+ maidir le tráth an chlárúcháin a shainaithint go héifeachtúil agus gan débhrí. Ba cheart go léireofaí go soiléir sa doiciméad an dáta a rinneadh an clárú. Ba cheart an dáta sin a mheas mar an lá tosaigh don nós imeachta um athaontú teaghlaigh faoin RBTI.

Fíor 3. Amlínte a leagtar amach sa RBTI chun freagracht a chinneadh

Tá na spriocdhátaí a mhínítear i bhFíor 3 nasctha leis an nós imeachta um ghabháil ar láimh, a úsáidtear i gcásanna athaontaithe teaghlaigh. Is í an t-aon eisceacht amháin iarraidh a sheoladh faoin gclásal lánroghnach (Airteagal 35(2) RBTI), ar féidir a leithéid a dhéanamh tráth ar bith sula ndéanfar an chéad chinneadh maidir leis an tsubstaint.

Seolfaidh an tír AE+ ina bhfuil an t-iarratas cláraithe iarraidh ar ghabháil ar láimh scrúdú an iarratais chuig an tír AE+ ina bhfuil cónaí go dlíthiúil ar bhall teaghlaigh an iarratasóra nó ina bhfuil sé nó sí i láthair go dlíthiúil. Beidh mí amháin ag an tír AE+ iarrtha chun freagra a thabhairt ar an iarraidh. Mura dtabharfar freagra, glacfar freagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

Ba cheart iarrataí agus freagraí a sheoladh a luaithe is féidir. Bíonn iarmhairtí ann ó thaobh freagrachta de mura gcomhlíontar na spriocdhátaí. Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an RBTI a áirithiú go bhfuil rochtain éifeachtúil agus thapa ag an iarratasóir ar an nós imeachta tearmainn, tá sé tábhachtach spriocdhátaí dochta a leagan amach lena ráthófar an rochtain sin. Ag an am céanna, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann nuair nach féidir na teorainneacha ama a chomhlíonadh.



Leagtar amach sa RBTI freisin forálacha sonracha le haghaidh cásanna den sórt sin, mar a leanas.

- Ní mór don iarratasóir na doiciméid agus an fhaisnéis ábhartha uile a chur faoi bhráid na n-údarás laistigh de teorainn ama arna leagan amach ag an údarás náisiúnta. Má chuirtear fianaise isteach tar éis don teorainn ama sin dul in éag, tá sé d'oibleagáid fós ar údarás na tíre AE+ scrúdú a dhéanamh uirthi mura bhfuil an teorainn ama chun iarraidh ar ghabháil ar láimh a sheoladh caite go fóill.
- D'ainneoin dul in éag na dteorainneacha ama, is féidir leanúint le cinneadh na tíre AE+ atá freagrach fiú tar éis don teorainn ama dul in éag i gcás linbh neamhthionlactha.

Oibleagáidí a bhaineann leis an nós imeachta um theaghlach a lorg faoin rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce

Soláthar faisnéise

Sa RBTI, cuirtear níos mó béime ar an tábhacht a bhaineann le soláthar faisnéise ⁽⁵⁾. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí, lena n-áirítear na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceart agus na n-oibleagáidí sin.

Féidearthachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg

Ba cheart go bhfaigheadh an t-iarratasóir faisnéis faoi na féidearthachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg, lena n-áirítear baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe a aimsiú agus a shainaithint, teagmháil a athbhunú nó a choimeád ar bun, agus an fhéidearthacht a bhaineann le hathaontú le baill teaghlaigh ⁽⁶⁾. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na forálacha a bhaineann le haontacht teaghlaigh sa RBTI, faoin gceart an teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh agus a fháil ⁽⁷⁾ agus ba cheart é nó í a chur ar an eolas faoi na spriocdhátaí chun an teimpléad a chur isteach, faoi dhaoine nó eintitis ar féidir leo tacú leis an teimpléad a líonadh isteach agus faoi eagraíochtaí náisiúnta, idirnáisiúnta nó eagraíochtaí eile ar féidir leo sainaithint baill teaghlaigh a éascú.

Eagraíochtaí um theaghlach a lorg

Leagtar síos sa RBTI go bhfuil sé d'oibleagáid ar údaráis thíortha AE+ rochtain an iarratasóra ar eagraíochtaí um theaghlach a lorg a éascú. I gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil ball teaghlaigh nó cleithiúnaí i gcríoch AE+ ag duine, ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na heagraíochtaí ar féidir leo cabhrú le teagmháil a athbhunú leis an mball teaghlaigh i dtír AE+ eile agus faoin gcaoi ar féidir seirbhísí chun teaghlach a lorg a iarraidh. Chuige sin, is féidir le tíortha AE+ teimpléad na [nEagraíochtaí um theaghlach a lorg](#) a úsáid. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi eagraíochtaí um theaghlach a lorg i gcuid I den *Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg*.

⁽⁵⁾ Airteagal 19 RBTI.

⁽⁶⁾ Airteagal 19(1)(f) RBTI.

⁽⁷⁾ Leagtar síos an méid seo a leanas in Airteagal 22(1):

I gcás inarb ann do thásca go bhfuil baill teaghlaigh nó gaolta ag an iarratasóir i mBallstát, gheobhaidh an t-iarratasóir teimpléad, atá le forbairt ag an nGníomhaireacht um Thearmann. Déanfaidh an t-iarratasóir an teimpléad sin a líonadh isteach leis an bhfaisnéis atá ar fáil dó nó di chun cur i bhfeidhm Airteagal 39 a éascú. I gcás inar féidir, comhlánóidh an t-iarratasóir an teimpléad sin roimh an agallamh pearsanta a leagtar amach san Airteagal seo, mar a leagtar amach in Airteagal 22(1) RBTI.



An nós imeachta agus an t-agallamh pearsanta

Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas freisin faoin agallamh pearsanta, faoina chuspóir agus faoina mhódúlachtaí ⁽⁸⁾. Is é cuspóir an agallaimh caidreamh teaghlaigh an iarratasóra a fhiosrú, go háirithe aon fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh cabhrú chun a shuí an bhfuil ball teaghlaigh nó cleithiúnaí, gaolta nó aon chaidreamh teaghlaigh eile i láthair i dtíortha AE+. Faigheann an t-iarratasóir faisnéis faoi na modhanna chun faisnéis a chur isteach, faoi dhoiciméid a bhaineann le naisc theaghlaigh agus faoin gcúnamh is féidir leis an tír AE+ a thairiscint chun baill teaghlaigh nó gaolta a lorg.

Cúnamh a thabhairt don iarratasóir dul i dteagmháil le heagraíochtaí um theaghlach a lorg

Nuair a chuirtear faisnéis ar fáil faoi na heagraíochtaí um theaghlach a lorg, nó nuair a fhaigheann an t-iarratasóir liosta de na heagraíochtaí um theaghlach a lorg ar féidir teagmháil a dhéanamh leo, is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí sin. I ndáil le leanbh neamhthionlactha, ba cheart don ionadaí cúnamh a thabhairt do na húdaráis agus do na heagraíochtaí chun faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar leas an linbh agus chun dul i dteagmháil le heagraíochtaí a oibríonn le teaghlach a lorg.

Comhairleoireacht dhlíthiúil



Foilseachán gaolmhar EUAA

Leis an treoir atá le teacht ó EUAA maidir le comhairleoireacht dhlíthiúil a eagrú, cuideofar le húdaráis thíortha AE+ córas náisiúnta comhairleoireachta dlíthiúla a dhearadh. Leagfar amach sa treoir príomhghnéithe ábhar na comhairleoireachta dlíthiúla, na ceanglais maidir le cur chun feidhme agus na cáilíochtaí riachtanacha chun comhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar.

Is é príomh-spriocghrúpa na teorach seo bainisteoirí próisis na n-údarás náisiúnta nó an phearsanra atá freagrach as eagrú agus as bainistiú sholáthar na comhairleoireachta dlíthiúla chomh maith le hoifigigh atá freagrach as nósanna imeachta soláthair agus bainisteoirí conarthaí.

Is príomhghnéithe iad soláthar faisnéise agus tacaíocht dhlíthiúil maidir leis an nós imeachta um fhreagracht a chinneadh chun éifeachtacht an nós imeachta a mhéadú. Ní hionann comhairleoireacht dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil os comhair cúirte nó binse. Ní hionann é freisin agus faisnéis dhlíthiúil a sholáthar do ghrúpa daoine, gan aon ábharthacht shonrach a bheith ag baint leis an gcás aonair.

Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce treoir a sholáthar chun tacú leis an iarratasóir sa nós imeachta um fhreagracht a chinneadh. Is é is aidhm dó faisnéis a chur ar fáil faoi oibleagáidí an iarratasóra agus comhairle maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le cur

⁽⁸⁾ Airteagal 19(1)(g) RBTI.

i bhfeidhm na gcrítéar chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin comhairle agus tacaíocht don iarratasóir chun an teimpléad um theaghlach a lorg a líonadh isteach. Is féidir a áireamh leis freisin comhairleoireacht leis an iarratasóir maidir le conas bunús a thabhairt lena n-éilimh maidir le naisc theaghlaigh agus míniú a thabhairt ar an gcineál fianaise is féidir a chur isteach chun caidreamh teaghlaigh a chruthú. Ba cheart do thíortha AE+ a áirithiú gur féidir leis an iarratasóir rochtain a fháil ar chomhairleoireacht dhlíthiúil. Ba cheart go mbeadh an tseirbhís sin ar fáil d'iarratasóirí i nós imeachta um ghabháil ar láimh a iarrann í saor in aisce ⁽⁹⁾.

Is féidir leis na húdaráis soláthar comhairleoireachta dlíthiúla a eagrú de réir a gcóras náisiúnta. Ba cheart do dhuine nó d'eintiteas a ligtear isteach nó a cheadaítear chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar faoin dlí náisiúnta comhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar. Is féidir leis na heintitis sin a bheith ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) atá creidiúnaithe faoin dlí náisiúnta chun seirbhísí dlí nó ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar d'iarratasóirí.



Leid phraiticiúil: comhairleoireacht dhlíthiúil a eagrú

Ba cheart d'údaráis liosta nuashonraithe a choinneáil d'eagraíochtaí, d'eintitis nó de dhaoine creidiúnaithe ar féidir leo comhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar d'iarratasóirí chomh maith le forléargas ar an gcineál tacaíochta is féidir leo a sholáthar. Ba cheart do na húdaráis a áirithiú go bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas is gá ag na comhairleoirí dlí chun go mbeidh siad in ann abhcóide ábhartha a chur ar fáil don iarratasóir. I gcás inar féidir, ba cheart a áirithiú go mbeidh comhairleoirí dlí eolach ar an nós imeachta agus ar na hionchais (a bhaineann lena n-oibleagáidí) atá ag an riarachán maidir leo, ag brath ar a n-imthosca aonair. Cuidíonn sé sin lena áirithiú go mbeidh rochtain ag an iarratasóir ar na seirbhísí a theastaíonn uaidh nó uaithe, cibé acu an míniú é ar na critéir maidir le freagracht a chinneadh nó an tacaíocht é maidir leis an bhfoirm um theaghlach a lorg a líonadh isteach.

⁽⁹⁾ Sonraítear raon feidhme na comhairleoireachta dlíthiúla in Airteagal 19(1)(l) den RBTI: *[ba cheart eolas a roinnt leis an iarratasóir] faoin gceart comhairleoireacht dhlíthiúil a bheith deonaithe saor in aisce maidir le hábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcrítéar a leagtar amach i gCaibidil II nó na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III den Chuid seo ag gach céim den nós imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, mar a leagtar amach in Airteagal 21.* Ina theannta sin, mar a shonraítear in Airteagal 21(1) RBTI: *Beidh an ceart ag iarratasóirí dul i gcomhairle, ar bhealach éifeachtach, le comhairleoir dlí nó le comhairleoir eile, a aithnítear nó a cheadaítear sa cháiil sin faoin dlí náisiúnta, maidir le hábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcrítéar a leagtar amach i gCaibidil II nó na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III den Chuid seo ag gach céim den nós imeachta chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*



Dea-chleachtas: comhar le ENRanna maidir le comhairleoireacht dhlíthiúil

Oibríonn roinnt údarás cinntitheach de chuid thíortha AE+ le ENRanna a chuireann comhairle dhlíthiúil ar fáil d'iarratasóirí, lena n-áirítear comhairle a thabhairt maidir lena gcás, an fhianaise atá le cur isteach a mhíniú agus an t-iarratasóir a threorú tríd an nós imeachta. Oibríonn na heagraíochtaí sin go gníomhach i gcomhar leis an Aonad RBTI atá freagrach ⁽¹⁰⁾, mar shampla trí theacht le chéile go rialta, trí phlé a dhéanamh ar chásanna atá fós gan réiteach, atá ar feitheamh nó atá casta, agus ar na chéad chéimeanna eile. D'fhéadfadh an comhar sin a bheith úsáideach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus chun tacú leis an iarratasóir agus leis an mball teaghlaigh nó leis an gcleithiúnaí i rith an nós imeachta.

Beartú Tosaíochta

Béim agus aird ar nósanna imeachta um athaontú teaghlaigh

Chun tréimhsí fada feithimh a sheachaint agus chun a áirithiú go ndéanfar iniúchadh críochnúil ar gach gné de chás, ba cheart níos mó béime a leagan go ginearálta ar naisc theaghlaigh an iarratasóra agus ar an áit a bhfuil na baill teaghlaigh nó na cleithiúnaithe i ngach céim den nós imeachta. Déantar é sin chun a áirithiú go dtugtar tús áite do na cásanna sin agus go ndíríonn na cásoifigigh fhreagracha orthu.



Dea-chleachtas maidir le béim fhoriomlán a leagan ar athaontú teaghlaigh

Trí mhaoirseoirí tiomnaithe 'athaontaithe teaghlaigh' a bheith acu laistigh den riarachán a gcuirtear oiliúint orthu maidir leis na céimeanna ábhartha den nós imeachta (e.g. scagadh, clárú, freagracht a chinneadh agus glacadh), is féidir cabhrú le béim a leagan ar chásanna athaontaithe teaghlaigh. Is féidir le maoirseoirí athaontaithe teaghlaigh tacú le cásoifigigh a oibríonn le cásanna den sórt sin, maoirseacht a dhéanamh ar a gcuid oibre, tarchur tráthúil agus éifeachtach agus cáilíocht na gcásanna a ráthú, agus obair leantach chuig a áirithiú.

Brath agus tarchur luath

Agus sprioc-amanna níos giorra ann chun freagracht a chinneadh, tá sé tábhachtach nós imeachta a bhunú lena féidir cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a bhrath go luath. Áirithítear leis sin gur féidir baill teaghlaigh fhéideartha a shainaithint go tapa agus gur féidir na cásanna a tharchur chuig an Aonad RBTI a luaithe is féidir.

⁽¹⁰⁾ Údarás na tíre AE+ (an t-aonad) atá freagrach as an nós imeachta a sheoladh chun a chinneadh cé acu tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 52 RBTI.

Tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh sa dá thír AE+

Ba cheart don tír AE+ iarrthach agus iarrtha tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh ag gach céim den nós imeachta ⁽¹⁾. Déantar é sin chun a áirithiú go mbíonn amanna feithimh níos giorra agus gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar gach gné de chás in am.



Dea-chleachtas maidir le tosaíocht a thabhairt d'Aonaid RBTI

Chun tosaíocht a áirithiú, is féidir cásanna a tharchuirtear chuig an Aonad RBTI a scagadh chun a shainaithint an bhfuil aon chás athaontaithe teaghlaigh tarchurtha chuig an aonad. I socrú digitithe, is féidir leis an gcóras bainistithe cásanna an scagadh a dhéanamh go huathoibríoch bunaithe ar eochairfhocail, ar chlibeanna nó ar mhódúlachtaí eile. I socrú neamhdhigitithe, is féidir le ball foirne na cásanna dá dtagraítear dóibh a scagadh, ar féidir leis nó léi cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a shainaithint.

Is féidir leis an scagadh a dhéantar ar chásanna isteach cuidiú le tosaíocht a thabhairt sa tír AE+ glactha freisin. Nuair a fhaightear iarraidh ar ghabháil ar láimh, ba cheart a sheiceáil an cás athaontaithe teaghlaigh atá ann. Is féidir cás a shainaithint mar chás athaontaithe teaghlaigh bunaithe ar líne ábhair na teachtaireachta a fuarthas nó ar fhoras dlíthiúil na hiarrata.

Tar éis an scagtha, ba cheart an cás a shannadh láithreach do chásóifigeach ar cheart dó nó di leanúint de scrúdú a dhéanamh ar an gcás agus tosaíocht a thabhairt do chásanna teaghlaigh ina n-ualach oibre.

Comhar idir Aonaid RBTI, na húdaráis agus na heagraíochtaí

Ba cheart d'údaráis thíortha AE+ agus d'eagraíochtaí ábhartha, amhail iad siúd atá ag díriú ar theaghlach a lorg, comhoibriú lena chéile chun baill teaghlaigh iarratasóirí i dtíortha AE+ a aimsiú agus a shainaithint. Tá sé tábhachtach go n-oibreodh na comhpháirtithe uile atá rannpháirteach sa nós imeachta i gcomhar le chéile chun gach gné de chás a fhiosrú agus chun na tuairimí uile a mheas chun cinneadh eolasach a dhéanamh. Tá sé d'oibleagáid ar an tír AE+ iarrthach agus iarrtha araon an fhaisnéis a fhíorú.



Dea-chleachtas: comhar le ENRanna maidir le teaghlach a lorg

Tá dea-chaidreamh oibre ag roinnt Aonad RBTI le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le ENRanna nó le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag díriú go speisialta ar theaghlach a lorg. D'fhéadfadh comhar leis na saineagraíochtaí sin a bheith tairbheach do na páirtithe uile lena mbaineann.

⁽¹⁾ Aithris 54, Airteagal 23(1), Airteagal 39(1), Airteagal 40(1) agus Airteagal 46(1) RBTI.



Sa Fhrainc, is comhpháirtí gníomhach é Gluaiseacht Shábháilte sa nós imeachta um athaontú teaghlaigh. Tacaíonn Gluaiseacht Shábháilte leis an iarratasóir maidir le soláthar faisnéise agus treoraíonn sí iad tríd an nós imeachta, lena n-athbhunaítear nó lena gcoimeádtar teagmháil leis an mball teaghlaigh. Tacaíonn an eagraíocht le hAonad Bhaile Átha Cliath na Fraince chun faisnéis agus fianaise ábhartha a bhailiú agus chun an ball teaghlaigh a aimsiú agus a shainaithint i dtír AE+ eile.

Réamhghníomhacht na soláthraithe faisnéise, na gcásoifigeach, na n-ionadaithe agus an iarratasóra

Tá sé tábhachtach cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i gcásanna athaontaithe teaghlaigh chun féidearthachtaí athaontaithe teaghlaigh a lorg go gníomhach. Ba cheart don soláthraí faisnéise, don chásoifigeach, d'aon duine a dhéanann an t-agallamh pearsanta nó don ionadaí an t-iarratasóir a spreagadh chun faisnéis a chur i láthair faoi bhaill teaghlaigh agus ceisteanna a chur maidir le baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe a bheith i láthair i dtíortha AE+. Ba cheart don iarratasóir féidearthachtaí maidir le hathaontú a lorg go gníomhach freisin.

Acmhainní leordhóthanacha a áirithiú laistigh den Aonad RBTI

Ionas go mbeidh an nós imeachta éifeachtach, tá sé ríthábhachtach acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú laistigh den fhoireann nó de na foirne a láimhseálann na hiarrataí isteach agus na hiarrataí amach. Ba cheart go mbeadh foireann tiomnaithe ar fáil atá oile chun oibriú le cásanna leanaí agus teaghlach i ngach nós imeachta. Ina theannta sin, ba cheart acmhainní agus uirlisí leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag na húdaráis freisin chun cearta nós imeachta agus bunúsacha na n-iarratasóirí a chosaint agus chun nósanna imeachta gasta a áirithiú chun baill teaghlaigh a athaontú.

Mar a shonraítear in Airteagal 6(2)(b) agus in Airteagal 52 de RBTI, tá sé d'oibleagáid dhlíthiúil ar thíortha AE+ go mbeidh na hacmhainní daonna, ábhartha agus airgeadais is gá ag na húdaráis ábhartha chun a gcúraimí a chur i gcrích i ndáil le cinneadh maidir le freagracht a dhéanamh. Tá sé úsáideach do na húdaráis measúnú ar riachtanais a dhéanamh chun na hacmhainní leordhóthanacha is gá a bhunú chun an nós imeachta um athaontú teaghlaigh a chur i gcrích go héifeachtach agus go tapa.

Nuair a bhíonn na hacmhainní is gá á ríomh, is féidir leis na húdaráis na pointí seo a leanas a bhreithniú.

- **Meánlíon na n-iarratasóirí nó an t-ualach oibre foriomlán agus cóimheas na gcásanna athaontaithe teaghlaigh**

I bhfianaise mheánchóimheas na gcásanna athaontaithe teaghlaigh i gcomparáid leis an ualach oibre foriomlán, is féidir meastachán a thabhairt ar líon riachtanach na mball foirne a theastaíonn chun oibriú ar na cásanna sin. Más iondúil go seolann nó go bhfaigheann an t-aonad líon níos airde iarrataí ar athaontú teaghlaigh, is fiú foireann thiomnaithe a bheith ann a dhíríonn ar chásanna den sórt sin, atá ag díriú ar líon na

gcásanna ag dul amach nó ag teacht isteach. I gcás ina bhfuil meánlíon na gcásanna athaontaithe teaghlaigh íseal, is féidir oiliúint a chur ar roinnt cásoifigeach chun oibriú le cásanna a bhaineann leis an teaghlach.

- **An meánmhéid ama a éilíonn cásanna athaontaithe teaghlaigh**

Tá sé úsáideach scrúdú a dhéanamh ar an méid ama a theastaíonn le haghaidh cás athaontaithe teaghlaigh rathúil, idir an nóiméad clárúcháin agus an t-aistriú. I bhfianaise na spriocdhátaí dochta sa RBTI agus an cheanglais tosaíochta, tá sé inmholta acmhainneacht a mhéadú má thógann an nós imeachta amach, lena n-áirítear an t-aistriú, níos mó ná 6 mhí. Ar an gcaoi chéanna, mura bhfuil an t-aonad in ann na cásanna isteach a láimhseáil ar bhonn tosaíochta nó mura bhfuil dóthain ama aige chun measúnú ceart a dhéanamh ar na cásanna, is fiú machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht a mhéadú.

Tá ról ríthábhachtach ag iarrataí ar fhaisnéis i nós imeachta um athaontú teaghlaigh, dá bhrí sin, ba cheart acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú le haghaidh iarrataí agus freagraí tráthúla i gcásanna amach agus i gcásanna isteach araon.

- **Líon na mball foirne atá oile chun cásanna athaontaithe teaghlaigh a láimhseáil**

Tá sé tábhachtach a mheas an gcuirtear oiliúint ar an líon riachtanach daoine. Chun ullmhú do luaineacht foirne, is fearr níos mó oifigeach oile a bheith ann ná líon iarbhrí na ndaoine a oibríonn ar chásanna athaontaithe teaghlaigh.

- **An gá a d'fhéadfadh a bheith le pointí fócasacha maidir le hathaontú teaghlaigh**

I roinnt tíortha AE+, go háirithe i gcás ina bhfuil líon ard cásanna athaontaithe teaghlaigh, tá sé úsáideach pointe fócasach a bheith ann ar féidir le páirtithe leasmhara inmheánacha dul i dteagmháil leis nuair is gá. Mar shampla, is féidir teagmháil a dhéanamh le pointe fócasach i ndáil le ceistanna a bhaineann le clárú, tarchur, cás teaghlaigh féideartha a shainaithint, teimpléad um theaghlach a lorg nó aistriú.

- **Dearbhú cáilíochta agus riachtanais bainistíochta eolais**

Tá gá le hacmhainneacht leordhóthanach chun a áirithiú go mbeidh dearbhú cáilíochta, faireachán próisis agus bainistíocht eolais i bhfeidhm.

Tá gá le hacmhainní chun cáilíocht an nós imeachta a áirithiú, lena n-áirítear cáilíocht fhoriomlán na n-iarrataí agus na bhfreagraí, iomláine na gcomhad agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht fhoriomlán an nós imeachta. Is féidir dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as uirlisí (e.g. seicliostaí, uirlisí digiteacha tríd an gcóras bainistithe cásanna) nó is féidir le pearsanra sonrach a leithéid a dhéanamh, amhail ceannairí foirne nó maoirseoirí.

Tá sé tábhachtach freisin faireachán rialta a dhéanamh ar an nós imeachta, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis inmheánacha, súil a choinneáil ar amanna próiseála, scrogaill nó bearnaí sa phróiseas a shainaithint agus réitigh a lorg.

Tá bainistíocht eolais ríthábhachtach maidir le dearbhú cáilíochta. Trí na huirlisí riachtanacha a bheith acu, amhail treoirlínte, stór faisnéise agus ábhair thagartha, is féidir tacú leis na cásoifigigh lena gcuid oibre. Ní mór uirlisí bainistíochta eolais a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.



Leid phraiticiúil: acmhainní leordhóthanacha a áirithiú laistigh de na húdaráis

Nuair a bhíonn na hacmhainní a theastaíonn á ríomh, cuir san áireamh go bhféadfadh baint a bheith ag roinnt údarás le teaghlach a lorg nó le hathaontú teaghlaigh. Fiú mura mbaineann príomhfheidhm an údaráis le teaghlach a lorg, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá fós le roinnt acmhainní a leithdháileadh chun cúraimí a dhéanamh a bhaineann le teaghlach a lorg.

Ní mór do phóilíní, do ghardaí teorann, d'oifigigh chlárúcháin agus do bhaill foirne glactha a bheith ar an eolas faoina n-oibleagáidí maidir le baill teaghlaigh fhéideartha iarratasóra i dtíortha AE+ a bhrath. Tá gá le líon leordhóthanach pearsanra oilte i ngach céim den nós imeachta chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, a bhféadfadh na cúraimí seo a leanas a bheith san áireamh iontu don phearsanra atá molta.


- Faisnéis agus doiciméid a bhailiú ó iarratasóirí (e.g. baill foirne glactha).
- Agallamh pearsanta a dhéanamh (i rith an chlárúcháin nó le linn na freagrachta a chinneadh) (e.g. cásoifigigh).
- Doiciméid, faisnéis, faisnéis leighis nó faisnéis eile a fhíorú, nuair a fhaightear a leithéid (e.g. póilíní, saineolaithe fóiréinseacha, saineolaí doiciméad nó saineolaithe faisnéise faoin tír thionscnaimh).
- Aon doiciméad riachtanach a aistriú. Ceanglaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn líon áirithe aistritheoirí intí nó díorma aistritheoirí seachtracha ar fáil i gcónaí chun aistriúchán a dhéanamh nuair is gá chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar an bhfianaise (e.g. aistritheoirí intí nó díorma aistritheoirí).
- Teagmháil leanúnach a dhéanamh leis an iarratasóir, leis an ionadaí nó le páirtithe leasmhara eile (cúram don Aonad RBTI agus/nó don fhoireann glactha).

Eagrú céim ar chéim an nós imeachta um theaghlach a lorg

Is iad údaráis na dtíortha AE+ atá freagrach as baill teaghlaigh fhéideartha iarratasóra a shainnithint. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh ceist a chur maidir le láithreach ball teaghlaigh nó cleithiúnaithe de chuid an iarratasóra i gcríoch AE+ agus ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh iad a aimsiú agus a shainnithint. I ndáil leis an méid sin, rud leanúnach is ea teaghlach a lorg. Tá oifigigh a bheidh i dteagmháil leis an iarratasóir freagrach as teaghlach a lorg beag beann ar chéim an nós imeachta go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le substaint an iarratais.

Anseo thíos tá sreabhchairt ina léirítear na príomhchéimeanna de theaghlach a lorg, ón scagadh a fhad le cinneadh na freagrachta.

Fíor 4. Sreabhchairt chun teaghlach a lorg le haghaidh RBTI



Liostaítear sa treoir chéim ar chéim seo a leanas gach céim den phróiseas inar féidir teaghlach a lorg. Mínítear ann na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun baill teaghlaigh iarratasóra a lorg. Cuirtear i dtábhacht sna boscaí ag deireadh gach míre na príomhchéimeanna lenar féidir rannchuidiú le tosaíocht a thabhairt don chás agus chun a áirithiú go sainaithneofar naisc teaghlaigh fhéideartha.



1. Scagadh

Cad a tharlaíonn i rith chéim an scagtha i ndáil le teaghlach a lorg?

- Cuirtear faisnéis faoi bhráid Eurodac.
- Faightear amas Eurodac, má tá sé ar fáil, ina bhfuil faisnéis faoin duine.
- Beidh amais ó Chóras Faisnéise Schengen agus ón gCóras Faisnéise Víosaí ar fáil, más ann dóibh.
- Tagann faisnéis maidir le leochaileacht chun solais.
- Bailítear faisnéis tosaigh faoi bhaill teaghlaigh tríd an bhfoirm scagtha ⁽¹²⁾.

I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le naisc theaghlaigh, ba cheart iarratasóirí a bhféadfadh baill teaghlaigh a bheith acu ar chríoch thíortha AE+ a shainaithint a luaithe is féidir. I gcás leanaí neamhthionlactha, tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfar na coimircí nós imeachta agus go gceapfar caomhnóir a luaithe is féidir. Áirithítear leis sin go dtugtar aird chuí ar shábháilteacht an linbh agus tús á chur leis an bpróiseas.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1356 ⁽¹³⁾, náisiúnaigh tríú tír a thrasnaigh an teorainn sheachtrach gan na coinníollacha maidir le dul isteach a chomhlíonadh agus a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le linn seiceálacha teorann, nó iad siúd a díbhordáladh tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, ba cheart dóibh nós imeachta scagtha a chur i gcrích sula ndéanfar iad a tharchur chuig na nósanna imeachta iomchuí.

Is é is cuspóir don scagadh an rialú ar náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha a threisiú, gach duine aonair a shainaithint agus a sheiceáil i mbunachair sonraí ábhartha chun a fháil amach an bhfuil siad ina mbagairt don tslándáil inmheánach. Le linn an scagtha, cuirtear faisnéis faoin duine faoi bhráid Eurodac. Má tá sonraí an duine cláraithe sa chóras cheana féin, faightear amas Eurodac. D'fhéadfadh faisnéis ón gCóras Faisnéise Víosaí nó ó Chóras Faisnéise Schengen a bheith ar fáil ag an gcéim seo freisin. Ina theannta sin, áirítear leis an scagadh réamhsheiceálacha sláinte agus leochaileachta, agus is é sin an fáth ar féidir cásanna cleithiúnais féideartha a bhrath. Dá bhrí sin, tacaíonn scagadh leis an tarchur chuig nósanna imeachta iomchuí.

Léiriú de bhaill teaghlaigh a bheith i láthair i dtíortha AE+

Ní cuid den nós imeachta tearmainn é an scagadh ach trí fhaisnéis a bhailiú faoi bhaill teaghlaigh fhéideartha, is féidir cabhrú chun naisc theaghlaigh fhéideartha iarratasóra a shainaithint ag luathchéim. Ba cheart do na húdaráis a chuireann an próiseas scagtha i gcrích an fhoirm scagtha a líonadh isteach. Ceanglaítear leis an bhfoirm seo ar na húdaráis an fhoirm a líonadh leis an bhfaisnéis a chuireann an duine lena mbaineann ar fáil, lena n-áirítear an bhfuil baill teaghlaigh acu atá lonnaithe ar chríoch aon cheann de thíortha AE+.

⁽¹²⁾ An fhoirm scagtha de bhua Airteagal 17 de [Rialachán \(AE\) 2024/1356](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024).

⁽¹³⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1356](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024).



Tarchur láithreach chuig nós imeachta iomchuí

I gcás ina n-éilíonn an duine go bhfuil baill teaghlaigh aige nó aici ar chríoch AE+, ba cheart an cás a tharchur láithreach chuig na húdaráis iomchuí, mar shampla, chuig an údarás a chláróidh éileamh tearmainn an duine. Ar tharchur chuig an nós imeachta iomchuí, tá sé ríthábhachtach **gach cás ina sainaitnítear naisc theaghlaigh fhéideartha a mharcáil**. Cuirfidh sé sin ar chumas an údaráis clárúcháin tosaíocht a thabhairt do chásanna iarratasóirí a bhféadfadh baill teaghlaigh a bheith acu ar chríoch thíortha AE+.



Naisc theaghlaigh fhéideartha a shainaithint sa chéim scagtha

- Iarr ar an iarratasóir (aosach nó leanbh) faoin áit a bhfuil a b(h)aill teaghlaigh, go háirithe na baill sin atá i láthair i dtíortha AE+.
- Cuir an t-iarratasóir ar an eolas faoin bhféidearthacht go n-athaontófaí é/í le ball teaghlaigh i dtír AE+.
- Líon amach an fhoirm scagtha. Déan cinnte de go bhfreagróidh tú na ceistanna maidir le baill teaghlaigh a bheith i láthair i dtíortha AE+.
- Seiceáil an bhfuil faisnéis faoi bhaill teaghlaigh ar fáil sna bunachair sonraí ábhartha (e.g. ar cuireadh foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen do bhaill teaghlaigh atá cuardaithe).
- Tarchuir an cás chuig an nós imeachta iomchuí.



Dea-chleachtas: tosaíocht sa scagadh

Is féidir le tíortha AE+ cinneadh a dhéanamh an teimpléad um theaghlach a lorg a dháileadh ar gach duine a éilíonn, le linn an scagtha, go bhfuil baill teaghlaigh acu i dtíortha AE+. Nuair a thugtar an teimpléad um theaghlach a lorg don duine, ba cheart faisnéis a chur ar fáil faoi na féidearthachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg, conas an teimpléad a líonadh isteach agus cá háit agus conas is féidir leis an duine tacaíocht a iarraidh chun an teimpléad a líonadh amach. Dá bhrí sin, is féidir an teimpléad um theaghlach a lorg a thabhairt don iarratasóir cheana féin ag an gcéim déanaimh.

2. Clárú

Cad a tharlaíonn le linn na céime clárúcháin i ndáil le teaghlach a lorg?

- Is é sin tús an nós imeachta um fhreagracht a chinneadh agus tús na dteorainneacha ama freisin.
- I rith na céime seo, tá féidearthacht ag baint le sainaithint luath cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha.



- Cuirtear faisnéis ar fáil don iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis faoin RBTI.
- Reáchtáiltear an t-agallamh clárúcháin, a d'fhéadfaí a nascadh le hagallamh an RBTI.
- Féadfar táscairí freagrachta RBTI a shainaithint.
- Cuirtear an teimpléad um theaghlach a lorg ar fáil don iarratasóir, i gcás inar féidir, ach amháin má cuireadh a leithéid ar fáil níos luaithe.

Feasacht ar theorainneacha ama

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348 (APR) ⁽¹⁴⁾, ba cheart iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú laistigh de chúig lá ón uair a rinneadh é. Cuimhnigh gurb é an dáta a chláraítear an t-iarratas an dáta tosaigh don nós imeachta um fhreagracht a chinneadh i gcásanna athaontaithe teaghlaigh.

I gcomhréir le hAirteagal 27(1)(a) APR, ní mór an fhaisnéis seo a leanas faoin iarratasóir a chur ar fáil:

- ainm an iarratasóra;
- dáta breithe agus áit bhreithe;
- inscne;
- náisiúntachtaí nó an fíoras go bhfuil an t-iarratasóir gan stát;
- baill teaghlaigh atá i láthair i dtír AE+ nó cleithiúnaithe (chomh maith le siblínní agus gaolta, i gcás leanaí neamhthionlactha) ⁽¹⁵⁾;
- aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh.

Baill teaghlaigh fhéideartha iarratasóra i dtíortha AE+ a shainaithint

Tríd an bhfoirm chlárúcháin a líonadh isteach nó trí aon bheart ar cuireadh tús leis le linn na céime scagtha a chomhlánú, is féidir rannchuidiú le naisc teaghlaigh fhéideartha a shainaithint. Le linn na céime clárúcháin, ba cheart a iarraidh ar an iarratasóir arís eile an bhfuil baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe aige nó aici atá lonnaithe ar chríoch aon tíre AE+. Más amhlaidh atá, ba cheart faisnéis a sholáthar faoin bhféidearthacht a bhaineann le baill teaghlaigh a athaontú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin RBTI. Ba cheart faisnéis faoi chearta agus oibleagáidí an iarratasóra a sholáthar freisin. I gcás inar féidir, ba cheart an teimpléad um theaghlach a lorg a sholáthar don iarratasóir ag an gcéim seo cheana féin chun cabhrú le tosaíocht a thabhairt don chás.

Soláthar faisnéise maidir le cearta agus oibleagáidí an iarratasóra

Tá soláthar faisnéise ríthábhachtach ag an gcéim seo. Tá sé tábhachtach cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun an t-iarratasóir a spreagadh chun faisnéis faoi bhaill

⁽¹⁴⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1348](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann do chosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024).

⁽¹⁵⁾ Airteagal 27(1)(a) APR.



teaghlaigh a chur ar fáil. Trí phríomhghnéithe na faisnéise a chur ar fáil ó bhéal agus trí dheis a thabhairt don iarratasóir ceistanna a chur, is féidir rannchuidiú go mór le muinín a chothú agus lena áirithiú go dtuigtear an fhaisnéis i gceart.

Ba cheart go dtuigfeadh an t-iarratasóir go bhfuil sé d'oibleagáid air nó uirthi an fhaisnéis go léir a sholáthar maidir le baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe, fianaise a chur isteach a chruthaíonn a ráitis agus go gceanglaítear ar an iarratasóir agus ar an mball teaghlaigh araon a dtoiliú a thabhairt don athaontú má tá siad toilteanach a bheith athaontaithe. Mura mian leis an iarratasóir go n-athaontófaí é nó í leis an mball teaghlaigh, ba cheart dó nó di na húdaráis a chur ar an eolas faoi sin a luaithé is féidir. Fiú má tugadh toiliú cheana féin, is féidir é a tharraingt siar.

Más rud é, in ainneoin é nó í a bheith curtha ar an eolas faoin gceart chun a bheith athaontaithe le ball teaghlaigh, go mainníonn an t-iarratasóir go toilteanach faisnéis a sholáthar maidir le baill teaghlaigh, go n-aistríonn sé nó sí agus go ndéanann sé nó sí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtír AE+ eile, ní féidir leis nó léi cur i bhfeidhm na gclásal athaontaithe teaghlaigh sa RBTI a éileamh níos mó.

Ba cheart faisnéis maidir le spriocdhátaí an nós imeachta a chur ar fáil don iarratasóir freisin. Má tá teorainneacha ama sonracha ag na húdaráis chun doiciméid a chur isteach, ba cheart iad sin a mhíniú.

Chomh fada is a bhaineann le leanbh neamhthionlactha, tá sé tábhachtach faisnéis a sholáthar ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois. Ba cheart dáileadh na mbileog faisnéise ábhartha a bheith i gceist le soláthar faisnéise freisin. Is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na bileoga faisnéise seo, mar shampla, trí phóstaí a chrochadh i seomraí feithimh, ar a mínítear an fhéidearthacht a bhaineann le hathaontú teaghlaigh agus oibleagáidí an iarratasóra faisnéis a sholáthar faoi bhaill teaghlaigh.



Cásanna féideartha chun teaghlach a lorg a shainaithint le linn na céime clárúcháin

Ba cheart don oifigeach clárúcháin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ceist a chur ar an iarratasóir nó, i gcás linbh, ar an leanbh agus ar an ionadaí faoi bhaill teaghlaigh a bheith i láthair, go háirithe i dtíortha AE+ agus a bhfreagra a thaifeadadh san fhoirm chlárúcháin.
- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht a bhaineann le hathaontú le ball teaghlaigh i dtíortha AE+.
- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht a bhaineann leis an teimpléad um theaghlach a lorg, a iarraidh agus a fháil.



Cásanna féideartha chun teaghlach a lorg a shainaithint le linn na céime clárúcháin

- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht a bhaineann le tacaíocht a iarraidh chun an teimpléad a líonadh amach agus chun rochtain a fháil ar chomhairleoireacht dhlíthiúil.
- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin gceart atá aige nó aici cúnamh a iarraidh ó eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú leis nó léi chun a b(h)aill teaghlaigh a lorg.
- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi conas doiciméid agus faisnéis a sholáthar faoi na naisc theaghlaigh agus faoin amlíne chun é sin a dhéanamh.
- An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le gan faisnéis a sholáthar.
- A chur in iúl don iarratasóir nach mór don iarratasóir agus don bhall teaghlaigh araon toiliú leis an athaontú a chur ar fáil i scríbhinn.
- Nuair a mhaíonn an t-iarratasóir go bhfuil baill teaghlaigh aige nó aici i dtíortha AE+, marcáil an cás mar chás atá le tarchur ionas go mbeidh sé níos éasca é a shainaithint agus déileáil leis in ord tosaíochta.

An fhéidearthacht a bhaineann leis an agallamh i ndáil leis an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce a eagrú

Ag brath ar an gcaoi a n-eagraítear an nós imeachta i do thír féin, féadfar agallamh pearsanta a dhéanamh, ina ndírítear ar iniúchadh a dhéanamh ar na critéir freagrachta, ag an gcéim chlárúcháin nó ina diaidh sin, tar éis é a tharchur chuig an Aonad RBTI. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi theaghlach a lorg i rith an agallaimh phearsanta sa Rannóg dar teideal [An t-agallamh pearsanta a eagrú](#).

Teimpléad um theaghlach a lorg

Leagtar amach in Airteagal 22(1) RBTI go bhfuil sé de cheart ag an iarratasóir an teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh agus a fháil. Tá an fhoirm seo forbartha ag EUAA chun baill teaghlaigh a shainaithint agus a lorg d'aoisigh agus do leanaí neamhthionlactha ⁽¹⁶⁾.

Tá sé tábhachtach, fiú má tá inniúlacht dhlíthiúil ag leanbh i dtír AE+ áirithe, gurb é ionadaí nó caomhnóir an linbh a líonann an fhoirm isteach i gcónaí. Rialaítear inniúlacht dhlíthiúil linbh leis an reachtaíocht náisiúnta, dá bhrí sin, d'fhéadfadh inniúlacht dhlíthiúil a bheith ag leanbh i dtír amháin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh inniúlacht dhlíthiúil aige nó aici i dtír eile.

⁽¹⁶⁾ EUAA, [Family Tracing Form – Adult](#) [Foirm um Theaghlach a Lorg – Aosach] 2025 agus EUAA, [Family Tracing Form – Child](#) [Foirm um Theaghlach a Lorg – Leanbh], 2025.

Fíor 5. Foirm um theaghlach a lorg – d’aoisigh (leathanach cumhdaigh agus Cuid 1 den fhoirm)



FAMILY TRACING FORM FOR ADULT APPLICANTS

Name of the EU+ country	
Address of the national authority	
EU+ country specific information on how and where to submit this form	This is a placeholder for EU+ countries to include the relevant modalities concerning the submission of this form. How should this form be submitted? To which address? By whom?

Family Tracing Form (Adult)

Why have I been given this form?

The authorities in this country have given you this form because you have applied for international protection and said you have a family member in a Member State of the European Union or an associated country (referred to as the EU+ countries).

The Member States of the European Union are Belgium, Bulgaria, Czechia, Denmark, Germany, Estonia, Ireland, Greece, Spain, France, Croatia, Italy, Cyprus, Latvia, Lithuania, Luxembourg, Hungary, Malta, the Netherlands, Austria, Poland, Portugal, Romania, Slovenia, Slovakia, Finland and Sweden. The four associated countries are Iceland, Liechtenstein, Norway and Switzerland.

The information you provide in this form will help the authorities in this country find your family members, prioritise your case and find the EU+ country that should examine your application. As you have family members in another EU+ country, the country where your family member is present may be responsible for examining your application.

Important: Let the authorities know if you need any support filling in this form.

Why have I been asked to fill in this form?

The authorities in this country need to know if you have family members in any of the EU+ countries. If you do, the country where they are residing might be responsible for handling your application.

The authorities in this country also want to help you reunite with your family members in the EU+ countries if you want to be with them. If you want to be reunited with your family member, let us know and we will explore if this is possible and try to make this happen. If you do not want to be reunited, tell us as soon as possible.



FAMILY TRACING FORM FOR ADULT APPLICANTS

PART 1. PERSONAL INFORMATION OF THE APPLICANT

Case number:

First name	
Surname	
Age	
Gender	
Date of birth (day/month/year)	
Place of birth	
Date of departure from country of origin	
Nationality/ies	
Address/accommodation	
Contact details (email address, social media account, phone number)	

☐ I confirm that I have a family member who is residing in an EU+ country.

My family member is (multiple options can be selected)	☐ my spouse or unmarried partner (Part 2) ☐ minor child (Part 3) ☐ person dependent on my assistance or I depend on this person's assistance (Part 4)
--	--

Other relevant information

Date and signature of the applicant

Fíor 6. Foirm um theaghlach a lorg – do leanaí neamhthionlactha (leathanach cumhdaigh agus Cuid 1 den fhoirm)



FAMILY TRACING FORM FOR UNACCOMPANIED CHILD APPLICANTS

Name of the EU+ country	
Address of the national authority	
EU+ country specific information on how and where to submit this form	This is a placeholder for EU+ countries to include the relevant modalities concerning the submission of this form. How should this form be submitted? To which address? By whom?

Family Tracing Form (Child)

This form is to be filled in by the guardian/representative (s) of the child. The guardian/representative should read the form all the way through with the child and explain all the details.

Why have I been given this form?

You are in a foreign country and you are alone. You have applied for asylum and told someone that you have family members in a Member State of the European Union or an associated country (referred to as the EU+ countries).

The Member States of the European Union are Belgium, Bulgaria, Czechia, Denmark, Germany, Estonia, Ireland, Greece, Spain, France, Croatia, Italy, Cyprus, Latvia, Lithuania, Luxembourg, Hungary, Malta, the Netherlands, Austria, Poland, Portugal, Romania, Slovenia, Slovakia, Finland and Sweden. The four associated countries are Iceland, Liechtenstein, Norway and Switzerland.

The authorities in this country want to help you find your family and be reunited with them again. That is why they are giving you this form to fill in. You need to tell the authorities in this country information about your family, such as who they are, where they live and how to contact them.

You do not have to fill out the form by yourself. A special helper, called a guardian, will help you. If you need more help, you can also ask other people, such as case officers, reception staff and legal advisors.

Why have I been asked to fill in this form?

The authorities in this country need to know if you have family members in any of the EU+ countries. If you do, the country where they live might be responsible for handling your application.

(*) In this form, in accordance with the legislative framework detailed in the RAA, Practical Guide on Family Tracing, 2023, Section 'Terminology', the terms 'representative' and 'guardian' are used interchangeably.



FAMILY TRACING FORM FOR UNACCOMPANIED CHILD APPLICANTS

PART 1. PERSONAL INFORMATION OF THE CHILD

Case number:

First name	
Surname	
Age	
Gender	
Date of birth (day/month/year)	
Place of birth	
Date of departure from country of origin	
Nationality/ies	
Address/accommodation	
Contact details (email address, social media account, phone number)	

Contact details of the guardian

First name	
Surname	
Phone number	
Email address	

☐ I confirm that I have a family member who is staying in an EU+ country.

My family member is (multiple options can be selected)	☐ my parent (mother or father) (Part 1) ☐ my sibling (brother or sister) (Part 2) ☐ my aunt or uncle (Part 3) ☐ my grandparent (grandmother or grandfather) (Part 4) ☐ other family relation (Part 5) (please specify):
--	--

Other relevant information:

Date and signature of the guardian/representative



Cad is cuspóir don fhoirm um theaghlach a lorg?

Is é cuspóir na foirme a áirithiú go ndéanfar naisc theaghlaigh fhéideartha an iarratasóra a shainaithint ag luathchéim. Is féidir an fhoirm a úsáid freisin chun toilteanas an iarratasóra a shainaithint lena athaontú le ball teaghlaigh agus is féidir an fhoirm a úsáid chun a chur in iúl don iarratasóir cé na doiciméid nó an fhianaise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil níos déanaí. Tá sé tábhachtach na doiciméid/an fhianaise uile atá ar fáil maidir le naisc theaghlaigh a bhailiú toisc go gcabhraíonn sé leis an mball teaghlaigh a lorg má tá teagmháil caillte ag an iarratasóir leis nó léi.

Cathain ba cheart don iarratasóir an fhoirm a fháil?

Ba cheart an fhoirm a thabhairt don iarratasóir a luaithe is féidir, go hidéalach ag an gcéim a dhéantar iarratas nó le linn an chlárúcháin, ach in aon chás, ba cheart an fhoirm a chur ar fáil le linn an agallaimh phearsanta ar a dhéanaí. Is féidir an fhoirm a thabhairt ar láimh don iarratasóir tráth ar bith nuair a shainaithnítear go bhféadfadh naisc theaghlaigh fhéideartha a bheith ag an iarratasóir i dtír AE+. I gcás ar bith, ba cheart an fhoirm a sholáthar in am réasúnta sula rachaidh an teorainn ama chun iarraidh ar ghabháil ar láimh a sheoladh in éag.



Dea-chleachtas: an fhoirm a chur ar fáil roimh chlárú

Is é an dea-chleachtas a bheadh ann an fhoirm a thabhairt amach roimh chlárú an iarratais nó lena linn. Más rud é, ag céim an scagtha, go bhfuil sé curtha in iúl ag an duine cheana féin go bhfuil baill teaghlaigh aige nó aici i gcríoch AE+, is féidir an fhaisnéis ón bhfoirm scagtha a asbhaint cheana féin agus a áireamh san fhoirm um theaghlach a lorg. Sa chás sin, ba cheart an deis a bheith ag an iarratasóir an fhaisnéis a sheiceáil, a dheimhniú nó a cheartú, nó faisnéis nua a chur san áireamh.

Cé ba cheart an fhoirm a líonadh isteach?

Ba cheart d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil baill teaghlaigh acu i dtíortha AE+ an fhoirm a líonadh isteach má mheastar go bhfuil siad in ann an fhoirm a thuiscint agus a chomhlánú. Seachas sin, ba cheart don údarás tacaíocht a chur ar fáil chun a áirithiú gur féidir leis an iarratasóir a c(h)earta agus a (h)oibleagáidí a chomhlíonadh, go háirithe agus aon leochaileacht nó riachtanas speisialta nós imeachta á gcur san áireamh. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas faoin gcaoi ar féidir leo tacaíocht a iarraidh chun an fhoirm a líonadh isteach. Más leanbh neamhthionlactha an t-iarratasóir, ba cheart don chaomhnóir/don ionadaí an fhoirm a líonadh isteach.

Cén fhaisnéis ba cheart a chur ar fáil don iarratasóir faoin bhfoirm?

Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht go n-athaontófaí é nó í le ball teaghlaigh chun go ndéanadh an tír AE+ ina bhfuil an ball teaghlaigh ag fanacht scrúdú ar a (h)iarratas.



Ba cheart do thíortha AE+ faisnéis shonrach a chur san áireamh maidir le conas an fhoirm a chur isteach, mar shampla, trí ríomhphost, tríd an bpost nó i bpearsa, cén áit ar cheart an fhoirm a chur isteach agus cathain, má tá sprioc-am sonrach ag an tír chuige sin.

Ba cheart iad a chur ar an eolas freisin faoi chuspóir na foirme, faoin gcaoi leis an bhfoirm a líonadh isteach agus faoi na heagraíochtaí ar féidir leo tacú leo le linn an nós imeachta, go háirithe más mian leo tacaíocht a iarraidh ó eagraíochtaí atá dírithe ar theaghlach a lorg. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas freisin faoina c(h)uid oibleagáidí. Áirítear leis sin go háirithe an gá atá ann na húdaráis a chur ar an eolas faoin áit a bhfuil baill teaghlaigh i gcríoch AE+, nach mór dóibh comhoibriú leis na húdaráis agus nach mór dóibh fanacht sa tír AE+ atá i mbun an nós imeachta um fhreagracht a chinneadh go dtí go suítear an tír AE+ atá freagrach.

Ba cheart a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil gá le faisnéis a sholáthar san fhoirm fiú mura bhfuil sé nó sí ag iarraidh go n-athaontófaí é nó í leis an mball teaghlaigh. Taifeadtar a t(h)oilteanas a bheith athaontaithe arís ar an bhfoirm agus mura mian leis nó léi go n-athaontófaí é nó í, ní dhéanfaidh na húdaráis aon ghníomh eile. Iarrfar toiliú foirmiúil an iarratasóra leis an athaontú ar fhoirm eile. Ba cheart a chur in iúl don iarratasóir nach féidir leis nó léi ach cur i bhfeidhm na gcritéar teaghlaigh a éileamh sa tír ina gcláraítear a (h)iarratas den chéad uair.

Cén tacaíocht atá ar fáil chun an fhoirm um theaghlach a lorg a líonadh isteach?

Ba cheart do thíortha AE+ faisnéis shonrach a chur ar fáil maidir le haon duine, eagraíocht nó eintiteas ar féidir leo cabhrú leis an iarratasóir an fhoirm a líonadh isteach.

Is féidir leis na húdaráis atá freagrach as clárú, amhail na póilíní nó na gardaí teorann, tacú leis an iarratasóir. I gcás linbh, ba cheart don chaomhnóir cabhrú leis an leanbh. Is féidir le comhairleoirí dlí nó le comhairleoirí a bheith rannpháirteach ag an gcéim seo, chun tacú leis an iarratasóir an fhoirm a líonadh isteach nó chun tacú leis na hiarrachtaí an teaghlach a lorg má iarrann an t-iarratasóir amhlaidh. Chomh maith leis sin, is féidir le cásoifigigh a dhéanann an t-agallamh pearsanta tacú leis an iarratasóir an fhoirm a líonadh isteach nó an fhoirm a úsáid mar bhonn don agallamh. Má tá aon riachtanas speisialta nós imeachta ag an iarratasóir, ba cheart a leithéid a shainaithint agus cloí leis.



Cén fhaisnéis atá ar fáil san fhoirm um theaghlach a lorg?

Tá an fhaisnéis seo a leanas le fáil ar an bhfoirm um theaghlach a lorg d'aoisigh.

- Faisnéis ghinearálta faoi chuspóirí na foirme, faoin bhfaisnéis a bhailítear agus faoin bhfáth a mbailítear í.
- Cuid 1. Sonraí pearsanta an iarratasóra (d'fhéadfadh faisnéis ón bhfoirm chlárúcháin nó scagtha a bheith san áireamh anseo).
- Cuid 2 – Cuid 3. Faisnéis faoi bhaill teaghlaigh atá i láthair ar chríoch thíortha AE+ (céile nó páirtí neamhphósta, leanbh mionaoiseach).
 - Sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh.



- Sonraí teagmhála an bhaill teaghlaigh.
- Stádas dlíthiúil/cónaithe an bhaill teaghlaigh.
- Cásuimhir.
- Aon chineál uimhreach aitheantais don bhall teaghlaigh, má tá a leithéid ar fáil.
- Má tá toilteanas ann go n-athaontófar iad. Níor cheart é sin a mheascadh leis an toiliú foirmiúil i scríbhinn atá le hathaontú.
- Aon leochaileacht nó coinníoll sonracha a bhaineann leis an mball teaghlaigh ar cheart d'údarais na tíre a bheith ar an eolas fúthu.
- Cuid 4. Faisnéis maidir le cleithiúnaithe.
 - Caidreamh leis an duine.
 - Cé atá cleithiúnach ar chúram duine: an t-iarratasóir nó an ball teaghlaigh?
 - Sonraí pearsanta.
 - Cineál naisc chleithiúnais.
 - Sonraí teagmhála an bhaill teaghlaigh.
 - Stádas dlíthiúil/cónaithe an bhaill teaghlaigh.
 - Cásuimhir.
 - Aon chineál uimhreach aitheantais don bhall teaghlaigh, má tá a leithéid ar fáil.
 - Má tá toilteanas ann go n-athaontófar iad. (Níor cheart é sin a mheascadh leis an toiliú foirmiúil i scríbhinn atá le hathaontú.)
 - Cén uair agus cén áit dheireanach a raibh teagmháil eatarthu, mar shampla i bpearsa, ar an teileafón nó ar shlí eile.
 - Má rinneadh aon iarracht chun teaghlach a lorg cheana féin.
 - Aon fhianaise is féidir leo a chur isteach chun an caidreamh a chruthú.
- Cuid 5. Craobh ghinealaigh (roghnach).
 - Is féidir leis an iarratasóir craobh ghinealaigh a tharraingt. Is féidir faisnéis maidir le baill teaghlaigh nó gaolta atá ina gcónaí lasmuigh de thíortha AE+ a chur in iúl anseo freisin.

Tá struchtúr na foirme um theaghlach a lorg do leanaí neamhthionlactha comhchosúil agus lorgaítear faisnéis chomhchosúil mar a shonraítear thíos.

- Faisnéis ghinearálta faoi chuspóirí na foirme, faoin bhfaisnéis a bhailítear agus faoin bhfáth a mbailítear í.
- Cuid 1. Sonraí pearsanta an linbh. D'fhéadfadh faisnéis ón bhfoirm chlárúcháin a bheith san áireamh leis sin agus sonraí pearsanta an chaomhnóra/an ionadaí.
- Cuid 2 – Cuid 5. Faisnéis faoi bhaill teaghlaigh atá i láthair ar chríoch thíortha AE+ (tuismitheoir, siblín, gaol, duine eile).
 - Sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh, siblín, gaol nó duine eile.
 - Sonraí teagmhála an bhaill teaghlaigh, siblín, gaol nó duine eile.



- Stádas dlíthiúil/cónaithe an bhaill teaghlaigh, siblín, gaoil nó duine eile.
- Cásuimhir.
- Aon chineál uimhreach aitheantais a bhaineann leis an mball teaghlaigh, siblín, gaol nó duine eile, má tá a leithéid ar fáil.
- Má tá toilteanas ann go n-athaontófar iad.
- Cén uair agus cén áit dheireanach a raibh teagmháil eatarthu, mar shampla i bpearsa, ar an teileafón nó ar shlí eile.
- Má rinneadh aon iarracht chun teaghlach a lorg cheana féin.
- Cuid 6. Craobh ghinealaigh.
 - Is féidir leis an iarratasóir craobh ghinealaigh a tharraingt. Is féidir faisnéis maidir le baill teaghlaigh nó gaolta atá ina gcónaí lasmuigh de thíortha AE+ a chur in iúl anseo freisin.

Conas a úsáidtear an fhoirm um theaghlach a lorg sa nós imeachta um athaontú teaghlaigh?

Cuidíonn an fhoirm um theaghlach a lorg le tosaíocht a thabhairt do chásanna iarratasóirí a bhfuil baill teaghlaigh acu i dtíortha AE+. Cuireann sé ar chumas na n-údarás rochtain a fháil ar fhaisnéis bhunúsach maidir le naisc theaghlaigh fhéideartha ag luathchéim agus an nós imeachta a thionscnamh.

Cuidíonn an fhoirm um theaghlach a lorg leis an agallóir caidreamh teaghlaigh an iarratasóra i dtíortha AE+ a fhiosrú. Is féidir leis an agallóir an fhoirm a úsáid chun ceistanna sonracha a chur faoi bhaill teaghlaigh. Is féidir leis sin cabhrú leis an duine sa tír AE+ eile a aimsiú nó a shainaithint, agus tuiscint a fháil ar an gcaidreamh atá aige nó aici, ar staid an bhaill teaghlaigh nó an chleithiúnaí. Is féidir leis cuidiú freisin leis na cásoifigigh tuiscint a fháil ar an bhfaisnéis eile ba cheart a bhailiú ón iarratasóir.

Is féidir leis an bhfoirm um theaghlach a lorg tacú leis an iarratasóir freisin chun tuiscint a fháil ar an bhfaisnéis is gá a chur ar fáil do na húdaráis agus ar an gcúis atá leis sin. Mura bhfuil an t-iarratasóir i dteagmháil leis an mball teaghlaigh, is féidir leis an bhfoirm um theaghlach a lorg cuidiú leis an mball teaghlaigh a aimsiú agus a shainaithint bunaithe ar an bhfaisnéis a roinneann an t-iarratasóir.

Is féidir an fhoirm chomhlánaithe a úsáid freisin chun iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh a bhaineann leis an mball teaghlaigh chun é nó í a aimsiú agus a shainaithint agus chun a láithreacht i dtír AE+ a fhíorú.

Má chuir an t-iarratasóir in iúl ar an bhfoirm nach mian leis/léi go n-athaontófaí é/í leis an mball teaghlaigh, ní úsáidfear an fhaisnéis san fhoirm agus ní dhéanfar aon ghníomh eile.



3. Tarchur chuig an Aonad RBTI

Cad a tharlaíonn sa chéim tarchuir maidir le teaghlach a lorg?

- I rith na céime seo, tá an fhéidearthacht ann cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a shainaithint go luath.
- I rith na céime seo, déantar cásanna tosaíochta a mharcáil, mar shampla iarratasóirí a bhfuil baill teaghlaigh acu i gcríoch AE+ a tharchur chuig an Aonad RBTI a luaithe is féidir.
- Cuirtear doiciméid faoi bhráid an Aonaid RBTI.

Nuair a chláraítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus nuair a shainaithnítear naisc theaghlaigh fhéideartha (nó táscairí freagrachta eile de chuid thír AE+), ba cheart an cás a tharchur láithreach chuig an Aonad RBTI chun tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh.

Chun a áirithiú go ndéanfar cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh, tá sé tábhachtach na comhaid sin a mharcáil.



Breithniúcháin maidir le clásail lánroghnacha agus 'naisc thábhachtacha'

Sula seolfar an comhad, is féidir leis an oifigeach clárúcháin dul i gcomhairle leis an Aonad RBTI maidir le cur i bhfeidhm féideartha an chlásail lánroghnaigh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcásanna ina maíonn an t-iarratasóir go bhfuil 'naisc thábhachtacha' aige nó aici le duine i dtír AE+ eile nó i dtír iarratais AE+. Ag brath ar chleachtais, d'fhéadfadh sé go mbeadh treoir inmheánach ag roinnt tíortha AE+ maidir le cur i bhfeidhm an chlásail lánroghnaigh nó go gcinneadh siad treoirphrionsabail inmheánacha a fhorbairt maidir le 'naisc thábhachtacha' i gcomhréir le hAirteagal 35 den RBTI. Is é an t-agallamh pearsanta (RBTI) leis an iarratasóir an bealach is fearr chun iniúchadh a dhéanamh ar aon chúis chun na clásail lánroghnacha a chur i bhfeidhm.



Cásanna teaghlaigh féideartha a shainaithint sa chéim tarchuir

Chun próiseáil éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don oifigeach atá freagrach as an tarchur chuig an Aonad RBTI an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an cás a tharchur a luaithe is féidir (ná fan go dtí go mbaileofar gach rud chun an tarchur a sheoladh);
- a chur in iúl go bhféadfadh cás athaontaithe teaghlaigh féideartha a bheith i gceist leis sin;
- an cás a mharcáil má bhaineann sé le mionaoiseach neamhthionlactha;
- an cás a mharcáil go soiléir maidir le tosaíocht a thabhairt dó;



- na doiciméid uile atá ar fáil ón iarratasóir a chur san áireamh;
- an cás a mharcáil más gá fós faisnéis faoi aon doiciméad nó eilimint eile cruthúnais nó fianaise imthoisceach a bhailiú, lena léirítear cathain agus cé a bhaileoidh an fhaisnéis;
- aon leochaileacht a sainaithníodh de chuid an iarratasóra a léiriú;
- an fhoirm um theaghlach a lorg a áireamh, má tá a leithéid ar fáil;
- aon fhaisnéis faoi tháscairí féideartha a bhféadfadh tír AE+ eile a bheith freagrach astu a mharcáil.

4. Freagracht a chinneadh

Cad a tharlaíonn sa chéim um fhreagracht a chinneadh maidir le teaghlach a lorg?

- I rith na céime seo, tá ceanglas maidir le tosaíocht a thabhairt ann.
- Ba cheart an iarraidh a sheoladh laistigh de dhá mhí ó dháta cláráithe an iarratais ar a dhéanaí.
- Déantar an t-athbhreithniú ar an bhfianaise atá ar fáil.
- Déantar an t-agallamh pearsanta (RBTI), mura ndéantar é níos luaithe.
- Bailítear doiciméid agus déantar measúnú ar leas, nuair is infheidhme.
- Déantar teagmháil leis an iarratasóir, nó le hionadaí an linbh, chun doiciméid, toiliú nó tuilleadh faisnéise a fháil.
- Seoltar iarraidh ar fhaisnéis, más gá, agus bailítear nó faightear freagra.
- Seoltar an iarraidh ar ghabháil ar láimh chuig an tír AE+ ina bhfuil ball teaghlaigh, siblín nó gaol an linbh neamhthionlactha i láthair nó ina bhfuil ball teaghlaigh an iarratasóra i láthair.
- Faightear freagra ar an iarraidh ar ghabháil ar láimh.
- Cinntear an tír AE+ atá freagrach.

Cásanna scagtha de réir tosaíochta

A luaithe a tharchuirfear an cás chuig an Aonad RBTI, ní mór a áirithiú go sainaithneofar é mar chás tosaíochta agus go sannfar é do chásóifigeach atá freagrach as cásanna den sórt sin a láimhseáil. Áirithítear leis sin gur féidir an cás a láimhseáil ar bhonn tosaíochta agus scrúdú a dhéanamh air láithreach.

Féadfaidh an tAonad RBTI roinnt cásanna a fháil ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh. Má tá an iomarca cásanna tosaíochta ann i gcomparáid leis na cásanna, nó mura bhfuil dóthain cásóifigeach ar fáil, ba cheart a shainaithint cé na cásanna i measc na gcásanna ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh ar dtús. D'fhéadfadh an cinneadh seo a bheith bunaithe ar riachtanais speisialta an duine, ar an gcineál cáis, ar na céimeanna is gá sa nós imeachta nó ar riachtanais eile, mar atá leagtha amach i dtreoir inmheánach an aonaid.



Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil

I gcásanna athaontaithe teaghlaigh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an comhad iomlán agus d'fhéadfadh tuilleadh faisnéise a bheith riachtanach. Chun na chéad chéimeanna eile a shainaithint, ba cheart measúnú a dhéanamh ar iomláine an cháis.



Seicliosta chun iomláine an cháschomhaid a fuarthas a fhíorú

Sonraí pearsanta an iarratasóra

- ☐ Tá sonraí pearsanta an iarratasóra sa chomhad.
- ☐ Tá an fhaisnéis maidir le sonraí pearsanta inaitheanta go soiléir.
- ☐ Tá sonraí teagmhála an iarratasóra ar fáil.
- ☐ Tá doiciméad lena gcruthaítear céannacht agus/nó aois ar fáil.

Sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh

- ☐ Tá doiciméad céannachta nó aon doiciméad de chuid baill teaghlaigh ar fáil.
- ☐ Tá sonraí teagmhála an bhaill teaghlaigh ar fáil.

Faisnéis maidir le nasc agus céannacht teaghlaigh

- ☐ Líonadh an fhoirm um theaghlach a lorg amach agus tá an fhoirm ar fáil.
- ☐ Tá ráitis an iarratasóra ar fáil maidir leis an nasc teaghlaigh idir na daoine agus faisnéis maidir lena gcaidreamh.

Fianaise ar nasc teaghlaigh

- ☐ Doiciméid a thacaíonn leis an nasc teaghlaigh, amhail teastas breithe, leabhar teaghlaigh, pas (e.g. i gcás ina bhfuil ainm an bhaill teaghlaigh le feiceáil), eile.
- ☐ Tá fianaise imthoisceach ar fáil, amhail ráitis ón iarratasóir nó ón mball teaghlaigh.
- ☐ Tá taifid ó thír AE+ nó grianghraf den bhall teaghlaigh ar fáil.
- ☐ Aistríodh doiciméid an iarratasóra go teanga náisiúnta na tíre AE+ ina bhfuil an t-iarratasóir ag clárú an iarratais nó go Béarla.

Toiliú nó, i gcás linbh, toilteanas

- ☐ Daingnítear an toilteanas a bheith athaontaithe le toiliú an duine.

I gcás cleithiúnais

- ☐ Faisnéis maidir leis an gcineál cleithiúnais.
- ☐ Tá comhaid leighis (aistrithe) ar fáil.
- ☐ Cuirtear faisnéis ar fáil maidir leis an gcúis a raibh siad scartha.



- ☐ Cuirtear faisnéis ar fáil maidir le cé hé nó cé hí an cleithiúnaí.
- ☐ Cuirtear faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh an duine eile aire don chleithiúnaí.

Más leanbh neamhthionlactha é nó í an t-iarratasóir

- ☐ A shainaithint an raibh amhras ann faoi aois an duine, amhail aon fhaisnéis ábhartha maidir lena (h)aois, lena n-áirítear cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh measúnú aoise.
- ☐ Faisnéis ón scagadh: an bhfuil faisnéis faoin aois ar fáil nó an bhfuil faisnéis ann maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh amhras maidir leis an aois in iúl?
- ☐ Má rinneadh measúnú aoise, tá faisnéis maidir leis an modh a úsáideadh (leighis, ráitis nó doiciméadaithe) ar fáil.
- ☐ Faisnéis maidir leis an measúnú ar leas (d'fhéadfadh faisnéis atá ábhartha don teaghlach a lorg a bheith san áireamh freisin).
- ☐ Tá craobh ghinealaigh an linbh ar fáil.
- ☐ Tá míniú ann ar chumas an ghaoil aire a thabhairt don leanbh.
- ☐ Deimhnítear tuairimí agus toilteanas an linbh a bheith athaontaithe lena t(h)uismitheoirí, s(h)iblínní nó g(h)aolta.
- ☐ Tá faisnéis maidir le riachtanais speisialta an linbh ar fáil.

Na chéad chéimeanna eile a chinneadh

Má bhaintear de thátal as an meastóireacht nach bhfuil an fhaisnéis iomlán, déanfaidh an cásoifigeach an méid seo a leanas:

- agallamh pearsanta leis an iarratasóir agus lena c(h)aomhnóir, mura bhfuil sé sin déanta cheana féin;
- agallamh breise chun amhras a shoiléiriú nó chun tuilleadh faisnéise a bhailiú;
- teagmháil le hionadaí an linbh chun tuilleadh faisnéise a bhailiú;
- rochtain an iarratasóra ar sheirbhísí um theaghlach a lorg a éascú;
- iarrann sé nó sí faisnéis ón tír AE+ ina bhfuil ball teaghlaigh an iarratasóra i láthair nó iarrann sé nó sí faisnéis go sonrach faoin mball teaghlaigh.

An t-agallamh pearsanta (an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce) a eagrú

Ní mór d'údaráis na dtíortha AE+ agallamh pearsanta a dhéanamh leis an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 22 den RBTI.

Is é cuspóir an agallamh phearsanta cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir le cén tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas an duine ar chosaint idirnáisiúnta. Ba cheart go



gcabhródh an t-agallamh pearsanta freisin le tacú le tuiscint an iarratasóra ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil i scríbhinn i bhfoirm an ábhair faisnéise choitinn. Cuirtear an t-ábhar sin ar fáil don iarratasóir a luaithé is féidir, ach ar a dhéanaí ag céim an chlárúcháin. Ba cheart go gcabhródh sé freisin leis an iarratasóir tuiscint a fháil ar an nós imeachta chun an tír AE+ atá freagrach a chinneadh, lena n-áirítear a c(h)earta agus a (h)oibleagáidí agus na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh a (h)oibleagáidí.



Cleachtais chun an t-agallamh a eagrú

Ag brath ar na próisis inmheánacha, is féidir an t-agallamh a dhéanamh ag céimeanna nós imeachta éagsúla agus ar bhealaí éagsúla ar fud tíortha AE+. Comhcheanglaíonn roinnt tíortha AE+ an clárúchán leis an 'agallamh RBTI' nó cuireann siad ceistneoir ar fáil chun táscairí freagrachta féideartha thír AE+ a shainaithint ag luathchéim. Tá teimpléad an agallamh ionsuite ag roinnt tíortha AE+ ina n-uirlis bainistithe cásanna ina ndírítear ar cheisteanna a bhaineann le baill teaghlaigh a shainaithint. Eagraíonn tíortha AE+ eile agallamh sonrach go luath tar éis an cás a tharchur chuig an Aonad RBTI.

Mura ndéantar é roimh an tarchur, ba cheart an t-agallamh RBTI a eagrú leis an iarratasóir, agus chomh fada is a bhaineann le leanbh neamhthionlactha, leis an ionadaí. Ba cheart an t-agallamh seo a reáchtáil a luaithé is féidir agus sula ndéanfar aon iarraidh ar ghabháil ar láimh chun naisc theaghlaigh fhéideartha i dtír AE+ eile a shainaithint. Is féidir an fhoirm um theaghlach a lorg, atá líonta isteach ag an iarratasóir, a úsáid mar bhonn leis an agallamh. Is féidir leis an agallóir tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh ar an gcaidreamh teaghlaigh. Is féidir leat léamh faoin bhfaisnéis ba cheart a chur ar fáil leis an bhfoirm sa rannóg dar teideal [teimpléad um theaghlach a lorg](#).

I bhfianaise na hoibleagáide tosaíochta, is fearr an t-agallamh pearsanta a eagrú a luaithé is féidir nuair a shainaithnítear naisc theaghlaigh fhéideartha. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh san agallamh pearsanta ar naisc theaghlaigh an iarratasóra le duine i dtír AE+ nó le cleithiúnaí agus ba cheart díriú ar na réimsí a chumhdaítear sa teimpléad um theaghlach a lorg. Baineann siad sin le cás an duine agus leis an gcaidreamh atá aige nó aici leis an mball teaghlaigh nó leis an gcleithiúnaí, nó, i gcás linbh, leis an gcaidreamh atá aige nó aici leis an tuismitheoir, siblín nó gaolta. Ba cheart measúnú ar leas an linbh a dhéanamh i gcásanna den sórt sin i gcónaí.

Is féidir an t-agallamh a úsáid freisin chun faisnéis a chur ar fáil don iarratasóir faoi na féidearthachtaí a bhaineann le hathaontú teaghlaigh (mura bhfuil sé sin déanta cheana féin). Feidhmíonn sé chun muinín a chothú idir an t-iarratasóir agus na húdaráis. Ar an tslí sin, spreagann sé an t-iarratasóir chun aon fhaisnéis nó doiciméad ábhartha a chur ar fáil fiú má bhíonn siad ar fáil níos déanaí sa nós imeachta, agus is bealach atá ann chun eolas a roinnt maidir leis na spriocdhátaí ábhartha chun faisnéis nó doiciméid den sórt sin a sholáthar.





Leideanna praiticiúla chun cásanna cleithiúnais a shainathint agus a phróiseáil

Ní mór do phearsana oilte a bhfuil an saineolas agus na scileanna cearta acu scrúdú críochnúil a dhéanamh ar chásanna cleithiúnais. Is é agallamh mionsonraithe leis an duine an bealach is fearr chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcineál cleithiúnais agus chun measúnú a dhéanamh ar chumas an duine aire a thabhairt don chleithiúnaí.

Má shainathnítear go bhfuil **iarratasóir** (aosach) i **staid leochaileachta**, tá sé tábhachtach go gcuirfear ar an eolas é nó í faoin gceart go n-athaontófaí nó go gcoinneofaí in éineacht lena leanbh, lena s(h)iblín nó lena t(h)uismitheoir é nó í má bhraitheann sé nó sí ar thacaíocht uathu. Is féidir leis nó léi an teimpléad um theaghlach a lorg (Cuid 4) a líonadh isteach agus cúis an chleithiúnais agus an duine atá in ann tacú leis nó léi a chur in iúl.

Mura bhfuil iarratasóir i staid leochaileachta, ba cheart a fhiafraí dó nó di i gcónaí an bhfuil leanbh, tuismitheoir nó siblín aige nó aici atá i staid leochaileach agus atá ag brath ar chúram a fháil ón iarratasóir. Ba cheart é nó í a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht go n-athaontófaí nó go gcoinneofaí in éineacht leis an gcleithiúnaí é nó í.

Ba cheart iniúchadh a dhéanamh i rith an agallaimh phearsanta ar naisc theaghlaigh an iarratasóra, lena n-áirítear an bhfuil leanaí fásta, tuismitheoirí nó siblíne aige nó aici i dtíortha AE+ agus an bhfuil aon nasc cleithiúnais féideartha ann. Maidir le réimsí a d'fhéadfadh a bheith le clúdach i rith an agallaimh, féach an bosca [Gnéithe a bhaineann le naisc theaghlaigh atá le clúdach san agallamh pearsanta](#).



Leideanna praiticiúla maidir le clásail lánroghnacha fhéideartha a shainathint

Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas i gcónaí gur féidir le tíortha AE+ na clásail lánroghnacha a chur i bhfeidhm má tá cúiseanna láidre ann chun é sin a dhéanamh. Ba cheart iad a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht go ndéanfaí scrúdú ar a n-iarratas sa tír inar chláraigh siad a n-iarratas nó go n-athaontófaí iad le ball teaghlaigh i dtír AE+ eile. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh fiú mura gcomhlíonann an gaol an sainmhíniú ar bhall teaghlaigh de réir an RBTI.

San agallamh leis an iarratasóir, ba cheart do chásóifigh ceisteanna a chur i gcónaí chun a fhiosrú an bhfuil aon choinníoll ann a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm na gclásail lánroghnach a spreagadh. Fiú murar chuir iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta in iúl go raibh aon bhall teaghlaigh aige nó aici i dtíortha AE+, tá sé úsáideach a iarraidh san agallamh pearsanta an bhfuil aon chaidreamh ag an iarratasóir i dtíortha AE+ agus féachaint an bhfuil naisc chleithiúnais nó cúiseanna daonnúla féideartha ann a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ina c(h)ás siúd. Is féidir naisc theaghlaigh thábhachtacha iarratasóra le duine i dtír AE+ agus naisc chleithiúnais fhéideartha a fhiosrú i ngach cás.

Maidir le réimsí a d'fhéadfadh a bheith le clúdach i rith an agallaimh, féach an bosca [Gnéithe a bhaineann le naisc theaghlaigh atá le clúdach san agallamh pearsanta](#).



Gnéithe a bhaineann le naisc theaghlaigh atá le clúdach san agallamh pearsanta

Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an t-agallóir ceisteanna a bhaineann le staid aonair an duine go réamhghníomhach. Is meabhrúchán iad na pointí thíos ar na saincheisteanna a bhféadfadh sé gur ghá iad a fhiosrú, ag brath ar imthosca an iarratasóra, chun an fhaisnéis is gá a bhailiú chun an fhreagracht a chinneadh. Is faoin agallóir atá sé na hábhair thíos a chlúdach agus na ceisteanna a chur ar an mbealach is iomchuí i ngach cás.


Cuireann na gnéithe sin le bailiú faisnéise tríd an bhfoirm um theaghlach a lorg. Ba cheart don agallóir an t-agallamh a bhunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil cheana féin ó fhoinsí eile.

Staid phearsanta an iarratasóra



- ☐ An leanbh neamhthionlactha é nó í an t-iarratasóir?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir leochaileach nó an bhfuil aon riachtanas speisialta aige nó aici?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir ag brath ar aon duine eile chur aire a thabhairt dó nó di? Má tá, cén bealach?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir in ann tacú lena ráitis le doiciméid nó le heilimintí ábhartha eile?

Naisc theaghlaigh fhéideartha an iarratasóra – céile nó páirtí neamhphósta



- ☐ Ar líon an t-iarratasóra an fhoirm um theaghlach a lorg amach? Murar líon, ba cheart an fhoirm a chur ar fáil.
- ☐ An bhfuil baill teaghlaigh ag an duine in aon cheann de thíortha AE+?
- ☐ Cad iad sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh?
- ☐ Cén tír AE+ ina bhfuil cónaí ar an mball teaghlaigh?
- ☐ Cad é stádas cónaithe an bhaill teaghlaigh sa tír AE+?
- ☐ Cá háit agus cathain a bunaíodh an caidreamh? Más é céile an iarratasóra an ball teaghlaigh atá i gceist, cathain, cá háit agus cén chaoi ar phós siad?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir in ann tacú leis an gcaidreamh le haon fhianaise?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir i dteagmháil leis an mball teaghlaigh? Má tá, cé chomh minic?
- ☐ Cad iad sonraí teagmhála an bhaill teaghlaigh?

- ☐ Má chaill siad teagmháil, cathain a tharla sé agus conas a tharla sé?
- ☐ Cathain a scaradh siad agus conas a scar siad?
- ☐ Ar bhain an duine úsáid as seirbhísí na n-eagraíochtaí um theaghlach a lorg roimhe seo?
- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir toilteanach a bheith athaontaithe lena c(h)éile?

Naisc theaghlaigh fhéideartha an iarratasóra – cleithiúnas



Más é an t-iarratasóir an cleithiúnaí

- ☐ Cén cineál cleithiúnais atá i gceist?
- ☐ Conas atá na daoine gaolta lena chéile?
- ☐ Cén cineál caidrimh atá eatarthu?
- ☐ Conas is féidir leis an leanbh, siblín nó tuismitheoir aire a thabhairt don iarratasóir?
- ☐ Cén chaoi ar thug an leanbh, an siblín nó an tuismitheoir aire don iarratasóir roimhe seo?

Más é an t-iarratasóir an duine a sholáthraíonn an cúram do chleithiúnaí

- ☐ Cén cineál cleithiúnais atá i gceist?
- ☐ Conas atá na daoine gaolta lena chéile?
- ☐ Cén cineál caidrimh atá eatarthu?
- ☐ Conas is féidir leis an iarratasóir aire a thabhairt don chleithiúnaí?
- ☐ Cén chaoi ar thug an t-iarratasóir aire don chleithiúnaí roimhe seo, mar shampla sa tír thionscnaimh nó sa tír idirthurais?

Má shainaithnítear nasc cleithiúnais

- ☐ An bhfuil an t-iarratasóir in ann bunús a thabhairt leis an gcaidreamh le haon chruthúnas, amhail doiciméid leighis, tuarascálacha síceolaíocha nó sóisialta?
- ☐ Ar mhaith leis an duine a bheith athaontaithe?



Naisc theaghlaigh fhéideartha an iarratasóra – leanbh



- ☐ An bhfuil baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta ag an leanbh in aon cheann de thíortha AE+?
- ☐ Cá bhfuil cónaí ar an mball teaghlaigh, siblín nó gaol?
- ☐ Cé chomh minic a bhíonn siad i dteagmháil lena chéile?
- ☐ Cén chaoi a mbíonn siad i dteagmháil lena chéile?
- ☐ Cén stádas atá ag an mball teaghlaigh, siblín nó gaol i dtír AE+?
- ☐ Cén cineál caidrimh atá eatarthu? Cé chomh gar is atá siad dá chéile?
- ☐ Cén chaoi a raibh gaol acu leis an tír thionscnaimh nó leis an tír idirthurais?
- ☐ Cad iad tuairimí an linbh maidir leis an athaontú teaghlaigh féideartha?
- ☐ An bhfuil an leanbh toilteanach go n-athaontófaí é nó í leis an mball teaghlaigh, leis an siblín nó leis an ngaol?
- ☐ An bhfuil aon doiciméad tacaíochta ann a bhaineann le haois an linbh?

Iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chun baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe a lorg agus a shainaithint

Má chinneann an cásoifigeach iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig an tír AE+ ina bhfuil ball teaghlaigh nó cleithiúnaí an iarratasóra i láthair, ba cheart an fhoirm cheart agus an t-ábhar ceart ríomhphoist a úsáid le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha agus cleithiúnaithe. Cabhróidh sé sin leis an tír AE+ iarrtha na cásanna sin a shainaithint agus na hiarrataí ar fhaisnéis sin a chur in ord tosaíochta. Is maith an rud é na cásanna sin a mharcáil mar chásanna práinneacha, go háirithe i líne an ábhair, chun cabhrú le tosaíocht a thabhairt do na hiarrataí sin.

Trí iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig tír AE+ eile, níor cheart moill a chur ar aon chéim eile is féidir a dhéanamh chun baill teaghlaigh nó gaolta sa tír AE+ iarrthach a shainaithint. Ba cheart aon chéim den sórt sin a dhéanamh ag an am céanna fad is atáthar ag fanacht ar fhreagra ón tír AE+ iarrtha.

Tá ról ríthábhachtach ag iarrataí ar fhaisnéis maidir le baill teaghlaigh nó cleithiúnaithe a lorg agus a shainaithint. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, déileáil leis na hiarrataí sin agus freagra a thabhairt orthu in am. Nuair a fhaightear an iarraidh ar fhaisnéis, ba cheart don tír AE+ iarrtha tosaíocht a thabhairt do na cásanna a bhaineann le teaghlaigh. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbaileofar an fhaisnéis a iarradh a luaithe is féidir agus go gcuirfear freagra ar fáil in am.





Tosaíocht a thabhairt d'iarraí ar fhaisnéis a bhaineann le naisc theaghlaigh

A luaithe a fhaightear iarraidh ar fhaisnéis agus a shanntar é do chásóifigeach sa tír AE+ iarrtha, ba cheart don chásóifigeach na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích a bhaineann le naisc theaghlaigh fhéideartha a shainaithint.

- Tosaíocht a thabhairt do na hiarraí ar fhaisnéis a bhaineann le haontacht teaghlaigh, go háirithe do mhionaoisigh.
- Seiceáil na bunachair sonraí.
 - Déan measúnú ar cibé acu atá an fhaisnéis ar fad maidir le láithreach dhlíthiúl an bhaill teaghlaigh nó an chleithiúnaí nó na sonraí maidir leis an mball teaghlaigh ag comhfhreagairt dá chéile.
- Aimsigh an ball teaghlaigh nó an cleithiúnaí.
 - Deimhnigh an bhfuil an duine fós i láthair ar an gcríoch nó nach bhfuil.
- Bailigh faisnéis bhreise.
 - Is féidir leis an tír AE+ iarrtha breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht/ar an ngá atá le hagallamh pearsanta a reáchtáil leis an mball teaghlaigh nó leis an gcleithiúnaí (d'fhéadfadh srianta ama a bheith ann).
 - Féadfaidh an tír AE+ iarrtha smaoineamh ar chabhair a iarraidh ó eagraíochtaí ar féidir leo tacú leis an mball teaghlaigh a lorg, mura féidir an duine a aimsiú.
- Deimhnigh toilteanas i ndáil leis an athaontú.
 - Smaoinigh ar phríobháideacht an bhaill teaghlaigh: ar mhaith leis nó léi go rachadh an t-iaratasóir nó na húdaráis i dteagmháil leis nó léi?
 - An bhfuil an ball teaghlaigh nó an cleithiúnaí toilteanach a bheith athaontaithe? D'fhéadfadh cúiseanna a bheith ann gan a bheith toilteanach teagmháil a dhéanamh leat nó a bheith athaontaithe leat. Ba cheart é sin a chur san áireamh agus ba cheart a sheiceáil cén fhaisnéis is féidir a roinnt leis an tír chomhpháirtíochta AE+.
- Deimhnigh go bhfuil tuiscint ag an mball teaghlaigh ar an bhfaisnéis.
 - Ba cheart don tír AE+ iarrtha faisnéis faoin nós imeachta a chur ar fáil don bhall teaghlaigh nó don chleithiúnaí (agus don iaratasóir) (e.g. ionas nach ndiúltóidh sé nó sí don fhéidearthacht a bhaineann le hathaontú toisc go bhfuil eagla air nó uirthi go bhféadfadh impleachtaí airgeadais a bheith aige air nó uirthi).

Nuair a fhaigheann an chásóifigeach sa tír AE+ iarrthach an freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis, ní mór dó nó di leanúint leis an measúnú ar an bhfaisnéis faoi naisc theaghlaigh agus ar iomláine an chomhaid. Má mheastar go bhfuil an cáschomhad iomlán, déantar an fhaisnéis a fhíorú ansin agus ba cheart an iarraidh ar ghabháil ar láimh a sheoladh chuig an tír AE+ atá freagrach a luaithe is féidir.

A luaithe a sheoltar an iarraidh ar ghabháil ar láimh agus a ghlacann an tír AE+ iarrtha léi, is féidir tús a chur leis na hullmhúcháin don aistriú chun an próiseas athaontaithe teaghlaigh



rathúil a thabhairt chun críche. Tá sé tábhachtach bainistiú a dhéanamh ar ionchais an iarratasóra maidir le taisteal agus teacht chuig an tír AE+ fhreagrach.

Tosaíocht á tabhairt ag an tír AE+ iarrtha

Ní leor tosaíocht a thabhairt do chás athaontaithe teaghlaigh de chuid na tíre AE+ iarrthaí. Ba cheart don tír AE+ iarrtha a áirithiú freisin go ndéantar cásanna athaontaithe teaghlaigh a shainaithint go cuí sa líon cásanna agus go gcaitear go hiomchuí leo.

Mura n-aimsíonn an tír AE+ iarrtha aon fhaisnéis nó faisnéis leordhóthanach faoin mball teaghlaigh nó faoin gcleithiúnaí a líomhnaítear a bheith ar a críoch, is féidir leis na húdaráis seirbhísí eagraíochtaí um theaghlach a lorg nó páirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an duine a aimsiú a iarraidh.



Céimeanna i gcásanna um theaghlach a lorg ag céim an Aonaid RBTI

- **Scag na cásanna tarchurtha**

Déan scagadh ar na cásanna tarchurtha chuig an Aonad RBTI chun a shainaithint an bhfuil aon iarraidh fhéideartha ar athaontú teaghlaigh ann. Sann na cásanna d'oifigigh oilte ionas go dtosóidh siad ag obair ar na cásanna a luaithe is féidir.

- **Fíoraigh iomláine na faisnéise**

Déan scrúdú ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus déan cinneadh maidir leis an méid atá in easnamh. Bunaithe ar an measúnú sin, leag síos na chéad chéimeanna eile (e.g. agallamh pearsanta leis an iarratasóir, teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí um theaghlach a lorg, etc.).

- **Déan faireachán ar theorainneacha ama**

A luaithe atá eolas ar fáil faoi chéimeanna an nós imeachta agus an t-am atá ar fáil, leag amach plean chun an cás a phróiseáil, amhail na céimeanna is gá a chur i gcrích sula seolfar an iarraidh ar ghabháil ar láimh.

Má tá an cás críochnaithe agus mura bhfuil gá le haon chéim bhreise, seol iarraidh ar ghabháil ar láimh a luaithe is féidir i bhfianaise na hoibleagáide tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh.

- **Comhordaigh**

Tabhair ról do na páirtithe leasmhara ábhartha i bpróiseáil cáis. I gcás inar leanbh é an t-iarratasóir, ba cheart go mbeadh a (h)ionadaí rannpháirteach i ngach céim den nós imeachta. Ní mór don iarratasóir a bheith páirteach freisin, mar shampla chun a t(h) oiliú nó a d(h)oiciméid a sholáthar chun gaol teaghlaigh a chruthú. D'fhéadfadh sé go gcaithfí teagmháil a dhéanamh le baill foirne ón ionad glactha ó am go ham freisin. Dá bhrí sin, ba cheart aird a thabhairt ar an ngá atá le comhordú leanúnach agus ba cheart é a chur san áireamh nuair a bhíonn teorainneacha ama á ríomh.



- **Cumarsáid a dhéanamh**

Faisnéis atá cothrom le dáta a chur in iúl don iarratasóir agus don chaomhnóir, i gcás linbh, faoina c(h)ás.

Na línte cumarsáide a choinneáil ar oscailt agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag an iarratasóir ar fhaisnéis faoi chéim an phróisis.

Toradh an nós imeachta

A luaithe a fhaightear iarraidh ar ghabháil ar láimh, scrúdaíonn an tír AE+ iarrtha an cás. Áirítear leis sin measúnú ar na fíorais uile a shonraítear san iarraidh, faisnéis a fhóru, seiceálacha breise a dhéanamh sa bhunachar sonraí náisiúnta agus comhthacú leis an bhfaisnéis. Más gá, déantar agallamh leis an mball teaghlaigh nó leis an gcleithiúnaí.

Má bhaineann an iarraidh le leanbh neamhthionlactha nó le cleithiúnaí, ba cheart don tír AE+ iarrtha aird chuí a thabhairt ar riachtanais speisialta an duine freisin. Má thugtar le fios san fhaisnéis nach chun leas an linbh é an t-athaontú, ba cheart é sin a chur in iúl don tír AE+ iarrthach.

Má ghlactar leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh, cuirfidh an tír AE+ iarrtha in iúl don tír AE+ iarrthach gurb amhlaidh an cás. Ciallaíonn sé sin gurb í an tír AE+ iarrtha atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas an duine ar chosaint idirnáisiúnta. Eisítear cinneadh aistrithe chuig an duine sa tír AE+ iarrthach agus cuirtear ar an eolas é nó í faoin gceart chun leigheasanna dlí agus módúlachtaí maidir le hachomharc nó athbhreithniú a thaisceadh. Mura dtaisctear aon achomharc, aistrítear an duine chuig an tír AE+ fhreagrach, áit a bhfuil a b(h)all teaghlaigh i láthair.

Mura nglactar leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh, cuirfidh an tír AE+ iarrtha an tír AE+ iarrthach ar an eolas faoi na cúiseanna nár glacadh leis an iarraidh agus cuirfear dóthain mionsonraí ar fáil. Cuireann an tír AE+ iarrthach an duine ar an eolas faoina c(h)eart chun leigheas dlí agus módúlachtaí a fháil chun achomharc nó athbhreithniú a thaisceadh mar a shonraíonn an tír AE+ iarrtha ina diúltú (féach Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cás C-19/21 de 2022 ⁽¹⁷⁾).

Mura n-éiríonn leis an achomharc nó leis an athbhreithniú, scrúdaíonn an tír AE+ an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcás inar chláraigh an duine a (h)iarratas, ach amháin más féidir critéir freagrachta eile, nó na clásail lánroghnacha faoin RBTI a bhreithniú.

⁽¹⁷⁾ Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *I, S v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid*, C-19/21, AE:C:2022:605. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#). I gcomhréir le haithris 62 RBTI:

Chun cosaint éifeachtach chearta bunúsacha na n-iarratasóirí maidir leis an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, chearta an linbh agus an chosaint ar íde atá mídhonna nó táireach mar gheall ar aistriú a ráthú, ba cheart go mbeadh ceart ag iarratasóirí leigheas éifeachtach a fháil, atá teoranta do na cearta sin, i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagal 47 den Chairt agus le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



Páirtithe leasmhara i dteaghlach a lorg agus a ról sa nós imeachta

I bhfianaise an cheanglais atá ann cásanna athaontaithe teaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh a luaithe is féidir, tá gá le cur chuige iomlánaíoch chun teaghlach a lorg agus tá gá le rannpháirtíocht roinnt páirtithe leasmhara feadh na slí. I ngach céim, beidh an t-iarratasóir i dteagmháil le húdaráis agus le pearsanra éagsúla agus d'fhéadfadh ról a bheith ag na páirtithe leasmhara go léir i dteaghlach a lorg. D'fhéadfadh suíomh agus sainaithint rathúil baill/ball teaghlaigh nó cleithiúnaí/cleithiúnaithe agus freagracht a chinneadh go rathúil a bheith i gceist leis sin.

Anseo thíos tá liosta nach bhfuil uileghabhálach d'údaráis nó de phróifílí foirne a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an iarratasóir agus a bhféadfadh ról a bheith acu i dteaghlach a lorg. Tá cur síos le fáil sa tábla ar an ról atá acu mar aon le nótaí maidir leis na ceanglais ábhartha. D'fhéadfadh na modhanna chun deis rannpháirtíochta sa phróiseas a thabhairt do pháirtithe leasmhara a bheith ag brath ar leagan amach eagraíochtúil gach tír AE+; dá bhrí sin, is liosta tascach é an liosta sin. Liostaítear na páirtithe leasmhara éagsúla sa tábla thíos. Is ról shamplacha iad seo a bhaineann leis na próifílí seo. D'fhéadfadh ról agus cúraimí beachta a bheith le tabhairt faoi deara i dtíortha éagsúla.

Tábla 1. Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg

Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Iarratasóir agus ball teaghlaigh (nó cleithiúnaí)	- An próiseas a bhaineann le teaghlach a lorg a thionscnamh trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le baill teaghlaigh a bheith i láthair ar chríoch AE+. - Is féidir leis an mball teaghlaigh dul i dteagmháil leis an tír AE+ ina bhfuil an t-iarratasóir nó ina bhfuil an ball teaghlaigh chun an tAonad RBTI a chur ar an eolas faoi athaontú teaghlaigh féideartha. - Ní mór don bhall teaghlaigh toiliú leis an athaontú teaghlaigh a chur ar fáil freisin. - Ní mór faisnéis agus fianaise a chur ar fáil.	- Ní mór comhoibriú leis na húdaráis chun faisnéis agus an fhianaise ábhartha a sholáthar. - Ní mór dóibh a dtoiliú a chur in iúl go n-athaontófar iad. - Ní mór go dtuigfidís go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leo, go bhféadfaí a iarraidh orthu agallamh a dhéanamh nó doiciméid a chur ar fáil, go bhféadfaí a iarraidh orthu obair leantach a dhéanamh agus gur gá go mbeidís ar fáil nuair a iarrtar sin.



Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Ionadaí/caomhnóir an linbh	- An chumarsáid idir an leanbh agus an ball teaghlaigh a éascú. - Tacaíocht a chur ar fáil chun an teagmháil a athbhunú. - Teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mball teaghlaigh. - Tacú le doiciméid agus faisnéis ábhartha a bhailiú. - Cásanna a tharchur/a chur in iúl don Aonad RBTI (i roinnt tíortha). - Ról láidir i ndáil le tacú leis an measúnú ar leas an duine.	- A bheith oilte chun a bheith ag obair le leanaí. - A bheith freagrach as líon comhréireach leanaí agus as 30 leanbh ar a mhéad ag aon am amháin. - I gcás inar féidir, ba cheart a sheiceáil an bhfuil an t-am agus an cumas ag an ionadaí gealltanais a thabhairt don ról. Níor cheart duine nach bhfuil an t-am agus an cumas aige nó aici a shannadh mar ionadaí don leanbh.
Baill foirne chlárúcháin	- Freagrach as sonraí pearsanta an iarratasóra a chlárú. Is féidir leo faisnéis ábhartha a bhailiú. - Faisnéis a chur ar fáil don iarratasóir. - Tacú le teaghlach a lorg tríd an bhfoirm um theaghlach a lorg a dháileadh. - Cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a mharcáil agus iad a tharchur chuig an Aonad RBTI. - An t-agallamh pearsanta a dhéanamh leis an iarratasóir.	- Ní mór acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú chun na cúraimí a bhaineann le teaghlach a lorg a chomhlíonadh. - Oilte agus treoir ábhartha faighte.



Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Foireann an Aonaid RBTI	• An t-agallamh pearsanta a dhéanamh leis an iarratasóir. • Faisnéis a bhailiú maidir le staid an iarratasóra • Cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfreagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. • Meastóireacht a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil. • Measúnú críochnaithe ar leas an linbh a chur san áireamh sula seolfar iarraidh nó freagra chuig tír AE+ eile, nó sula n-eagrófar an t-aistriú. • An próiseas um theaghlach a lorg a chomhordú. • Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar faisnéise agus agallamh a dhéanamh. • Comhoibriú le tíortha AE+ eile. • Comhoibriú agus obair i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir lena mbaineann. • Tacú le páirtithe leasmhara eile (clárú, póilíní, etc.).	• Ní mór acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú chun na cúraimí a bhaineann le teaghlach a lorg a chomhlíonadh. • Oilte agus treoir faighte. • Treoirlínte inmheánacha a bhunú maidir le ról an Aonaid RBTI sa phróiseas um theaghlach a lorg, amhail cinneadh a dhéanamh maidir le méid na n-iarrachtaí a dhéanfaidh an t-aonad chun baill teaghlaigh a lorg (teagmháil a dhéanamh le baill teaghlaigh, cé na bunachair sonraí atá le seiceáil, cad iad na heagraíochtaí ar cheart dóibh comhoibriú leo). • ‘Na bearnaí a líonadh’ sa phróiseas.



Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
ENRanna nó eagraíochtaí um theaghlach a lorg/ eagraíochtaí tacaíochta	- Cabhrú le doiciméid agus faisnéis a bhailiú. - Maoirseacht a dhéanamh ar tharchur chuig an Aonad RBTI (i roinnt tíortha AE+). - Tacú le teaghlach a lorg trí úsáid a bhaint as bunachair sonraí (e.g. an Chrois Dhearg), faisnéis a mhalartú idir na heagraíochtaí éagsúla i dtíortha AE+, i gcás inar féidir. - Comhoibriú leis an Aonad RBTI nó le húdaráis eile chun baill teaghlaigh a chuardach. - Oiliúint maidir le teaghlach a lorg ar chur ar fáil do na húdaráis ábhartha (e.g. baill foirne ghlactha, baill foirne chlárúcháin nó eile de réir mar is ábhartha). - Tacú le faisnéis a chur ar fáil d'iarratasóirí chun an t-iarratasóir a spreagadh chun úsáid a bhaint as an nós imeachta RBTI, an bealach chun tús a chur le húsáid a bhaint as an nós imeachta a mhíniú mar aon leis an méid a theastaíonn. - Comhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'iarratasóirí (i dtíortha áirithe).	



Páirtithe leasmhara a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Oifigigh idirchaidrimh laistigh de na húdaráis chinntitheacha	• Cabhrú chun na hiarrataí ar fhaisnéis a chuíchóiriú. • Cásanna práinneacha a mharcáil. • Próiseáil thapa cásanna práinneacha a éascú. • Cabhrú chun míthuiscintí a shoiléiriú. • Idirghabháil a dhéanamh idir an dá údarás. • A áitiú ar an tír AE+ freagra a thabhairt nó imscrúdú a dhéanamh ar chásanna atá ar feitheamh ar feadh i bhfad. • Faisnéis ghinearálta a chur ar fáil maidir le nósanna imeachta agus forbairt na tíre AE+ don tír chomhpháirtíochta nuair is gá. • Tacú le bailiú faisnéise i gcásanna casta.	



Tábla 2. Páirtithe leasmhara a bhfuil ról teoranta acu i dteaghlach a lorg

Páirtithe leasmhara a bhfuil ról teoranta acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Póilíní (d'fhéadfadh sé gurb iad na póilíní inimirce nó na póilíní teorann agus na baill foirne chlárúcháin freisin)	• Freagrach as an iarratasóir a shainaithint. • Má choinnítear an t-iarratasóir, d'fhéadfadh sé gurb é nó í an pointe teagmhála/tagartha a bheadh i gceist. • Féadfaidh siad aon doiciméad atá ar fáil a bhailiú. • Féadfaidh siad faisnéis a sholáthar a bhaineann leis na rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ag ball teaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar leas an linbh. • Seiceáil slándála a dhéanamh ar an mball teaghlaigh (i dtíortha áirithe). • D'fhéadfadh doiciméid a bheith á bhfíorú.	
Ionadaí dlíthiúil iarratasóra aosaigh	• Comhairle a chur ar an iarratasóir maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le hathaontú, leis an bpróiseas agus leis an gceanglas a chur in iúl go bhfuil sé nó sí toilteanach a bheith athaontaithe. • Tacaíocht a chur ar fáil chun an teagmháil leis an mball teaghlaigh a athbhunú. • D'fhéadfadh teagmháil dhíreach a bheith aige nó aici leis an duine tagartha, leis an mball teaghlaigh. • Tacú le doiciméid agus faisnéis ábhartha a bhailiú. • Teagmháil an iarratasóra leis na húdaráis a éascú. • D'fhéadfadh sé nó sí cásanna a tharchur/a chur in iúl don Aonad RBTI (i roinnt tíortha). • Is é sin an nasc lena nasctar an t-iarratasóir agus an tAonad RBTI.	• An cumas a bheith aige nó aici an ról a ghlacadh ionas nach mbeidh ionadaí dlíthiúil amháin freagrach as an iomarca daoine. I gcás inar féidir, ba cheart a sheiceáil an bhfuil an t-am agus an cumas ag an ionadaí dlíthiúil gealltanais a thabhairt maidir leis an ról.



Páirtithe leasmhara a bhfuil ról teoranta acu i dteaghlach a lorg	Ról i dteaghlach a lorg	Ceanglais
Seirbhísí sóisialta	• Páirt a ghlacadh i measúnú a dhéanamh ar leas an linbh. • Féadfaidh sé nó sí a bheith rannpháirteach sa mheastóireacht ar chumas an ghaoil aire a thabhairt don mhionaoiseach. • D'fhéadfadh sé go mbeadh baint aige nó aici leis an mball teaghlach a lorg / is féidir leis an mball teaghlaigh teagmháil a dhéanamh leis nó léi.	
Cúirt d'ógánaigh nó ionchúisitheoir poiblí	• Maoirseacht a dhéanamh ar cheapadh an chaomhnóra. • Faireachán cáilíochta a dhéanamh ar an gcóras caomhnóireachta. • Maoirseacht a dhéanamh ar leas an linbh. • D'fhéadfadh an focal scoir a bheith aige/aici maidir le leas an linbh a chinneadh roimh an iarraidh agus roimh an aistriú.	
Saineolaithe doiciméad nó fóiréinseacha	• D'fhéadfadh sé nó sí barántúlacht doiciméad agus fianaise a fhóru. • D'fhéadfadh sé nó sí faisnéis leighis a fhóru.	
Aistritheoirí	• Doiciméid a fhaightear a aistriú.	



Fíor 7. Sampla de theimpléad eagraíochtaí um theaghlach a lorg – an Ostair, 2023

Féadfaidh tíortha AE+ iarraidh ar sheirbhísí eagraíochtaí baill teaghlaigh iarratasóra a lorg, a aimsiú nó a shainaithint i dtír AE+. D'fhéadfadh seirbhísí na n-eagraíochtaí sin a bheith thar a bheith luachmhar chun an ball teaghlaigh a aimsiú agus a athaontú leis an iarratasóir a luaithe is féidir. I bhformhór na gcásanna, baineann na heagraíochtaí sin úsáid freisin as foirmeacha um theaghlach a lorg (amhail foirmeacha na Croise Deirge) a bhfuil raon feidhme níos leithne acu. Is gnách go ndéantar na foirmeacha seo chun críocha daonnúla chun cur ar chumas daoine aonair a fháil amach cá bhfuil a dteaghlach, críocha nach mbaineann le nósanna imeachta riaracháin/nósanna imeachta um fhreagracht a chinneadh. Ní féidir leis na heagraíochtaí sin um theaghlach a lorg tús a chur leis an bpróiseas um theaghlach a lorg ach amháin i ndiaidh toiliú an iarratasóra a fháil agus chun críocha daonnúla amháin nach mbaineann le hathaontú teaghlaigh.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta seirbhísí eagraíochtaí um theaghlach a lorg a iarraidh. Tá sé d'oibleagáid ar údaráis thíortha AE+ an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin gceart sin agus ba cheart dóibh rochtain an iarratasóra ar eagraíochtaí den sórt sin a éascú.

Tá roinnt eagraíochtaí rannpháirteach go gníomhach i dteaghlach a lorg san Eoraip. In 2023, forbraíodh moltaí EUAA maidir le hathaontú teaghlaigh laistigh de nós imeachta Bhaile Átha Cliath ⁽¹⁸⁾. Mar iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfoilseachán seo, iarradh ar thíortha AE+ faisnéis a chur ar fáil maidir le heagraíochtaí um theaghlach a lorg a n-oibríonn siad leo i gcásanna Bhaile Átha Cliath ina dtíortha féin ⁽¹⁹⁾. Tá faisnéis shonrach sna bileoga faisnéise tírshonracha maidir le liosta na ENRanna agus na n-eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le hathaontú teaghlaigh nó a bhféadfadh baint a bheith acu le hathaontú teaghlaigh (). Is féidir an liosta a roinnt leis an iarratasóir agus nó le tíortha AE+ eile chun tacú le rochtain an iarratasóra ar sheirbhísí um theaghlach a lorg. Is féidir na bileoga faisnéise sin a íoslódáil agus a chur ar fáil don iarratasóir chun é nó í a chur ar an eolas faoi na heagraíochtaí um theaghlach a lorg chun tacú le baill teaghlaigh a chuardach.

⁽¹⁸⁾ EUAA, [Recommendations on Family Reunification within the Dublin Procedure](#) [Moltaí maidir le hAthaontú Teaghlaigh laistigh de Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath], Meán Fómhair 2023.

⁽¹⁹⁾ Trí Limistéar na mBall, is féidir le hAonaid Bhaile Átha Cliath rochtain a fháil ar liostaí na n-eagraíochtaí ar féidir teagmháil a dhéanamh leo chun tacú le teaghlach a lorg.

Fíor 7. Sampla de theimpléad eagraíochtaí um theaghlach a lorg – an Ostair, 2023

RECOMMENDATIONS ON FAMILY REUNIFICATION – ANNEX II: LIST OF FAMILY TRACING ORGANISATIONS

AUSTRIA

Below is a list of organisations that can support family tracing in the EU+ countries. These organisations are recommended by the Dublin Unit because they cooperate with them regularly.

These organisations can be contacted to facilitate family tracing and to speed up the collection of relevant information.

Cooperation on family tracing

The Federal Office cooperates with the **Federal Agency for Reception and Support Services** in matters of family tracing. Furthermore the **Red Cross in Austria** also conducts family tracing.

Contact details

Name of organisation: Federal Agency for Reception and Support Services

Website: www.bbu.gv.at

Email address: rks.traskirchen@bbu.gv.at

Phone number: +43 8 008 08 005

Name of organisation: Red Cross Austria

Website: <https://www.rotekreuz.at/ich-brauche-hilfe/erestoring-family-links>

Email: tracing@rotekreuz.at

Number: +43 1 589 00 126; +43 1 589 00 127



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

